

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL WERLA

faoi bhráid na Roinne Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide

Samhain 2023



2022

Bileog rialaithe doiciméid

Cliant	An Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola
Teideal an Doiciméid:	Tuarascáil Bhliantúil WERLA 2022 le cur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Uimh. an Doiciméid:	WERLA-R-5619
Sa Doiciméad seo tá:	Tá faisnéis sa doiciméad seo ar na gníomhaíochtaí in 2022 sna trí oifig atá ag WERLA

Stádas	Údar	Faomhadh an Chomhordaitheora Réigiúnaigh	Oifig	Dáta a Eisiúna
1	Padraig Jones	Dearn McClintock Cathal Gahan Colman Kelly	CUR WERLA	Samhain 2023

Buíochas


Bhí baint lárnach ag na baill foirne WERLA seo a leanas le forbairt agus athbhreithniú an doiciméid seo:

Ainm	Réigiún WERLA
Padraig Jones	Connachta Ulaidh
Dearn McClintock	Connachta Ulaidh
David Barry	Connachta Ulaidh
Cathal Gahan	Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre
Colman Kelly	An Deisceart
Caoimhín Nolan	An Deisceart
Niall Dunne	An Deisceart

Is féidir an foilseachán seo ar fad nó codanna de a atáirgeadh gan tuilleadh cead, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinsé. Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a chinntiú. Ní ghlacann oifig WERLA le haon fhreagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear gur tharla sé, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán treorach seo.

Clár Ábhar

Réamhrá leis na trí WERLA	4
Réamhrá/Achoimre Fheidhmeach	5
Rialachas	7
Ráiteas Misin WERLA	9
Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	10
Beartais agus Cuspóirí 2022	12
Na Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola, 2022	14
Aghaidh a thabhairt ar Ghníomhaíochtaí Mídhleathacha Dramhaíola	15
Láithreáin Ilghníomhaireachtaí ar Díol Imní iad	16
Dramhaíl Tógála agus Scartála	18
An Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite agus an Tionscal Dramh-Mhiotal	20
Bailiú Dramhaíola - Dramhaíl Chathrach Mheasctha Tí agus Tráchtála	22
Freagracht Bhreisithe Táirgeora (EPR) - Sruth Dramhaíola	25
Plean Gníomhaithe Dramhaíola (rianú sreafaí dramhaíola)	30
Staitisticí Tábhachtacha	31
Rialacháin an Aontais Eorpaigh (um Mearcair)	34
Staitisticí Tábhachtacha - an GCC mar fhoinse	35
An Tionscnamh Frithdhumpála 2022	36
Oiliúint	37
Cás-staidéar 1	40
Cás-Staidéar 2	42
Cás-Staidéar 3	45
Aguisíní	48
Foilseacháin in 2022	49
Gluais	50
Leabharliosta	52



Réamhrá leis na trí WERLA

Bunaíodh na trí Phríomhúdarás Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLA) sa bhliain 2015. Déanann siad ionadaíocht dá gcomhúdaráis áitiúla i réigiúin bainistíochta dramhaíola mar atá leagtha amach sna Pleananna Réigiúnacha Bainistithe Dramhaíola, 2015 go 2021.

I measc na gcúraimí atá orthu, déanann siad na gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola ina gcomhúdaráis áitiúla a chomheagrú, tosáiochtaí agus cuspóirí comhchoiteanna i leith an fhorfheidhmithe dramhaíola a leagan síos agus seasmhacht a dheimhniú i ngníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola. San am céanna, fághtar pearsanra an údaráis áitiúil mar na chéad fhreagróirí.

Táthar tar éis ról breisithe don WERLA a fhorghreas ó shin. Tá na trí WERLA i ndiaidh comhordú a dhéanamh in 2021 ar an obair chun Comhaontuithe Seirbhíse a chur ar bun idir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus gach WERLA. In 2022, tugadh faoi Chomhaontú den sórt céanna a dhréachtú idir gach WERLA comhúdaráis an WERLA sin, agus táthar ag súil leis sin a chur i gcrích in 2023.



Beidh na cúraimí tosaigh fós mar chuid den ról a bheidh ag na WERLanna feabhsaithe. Anuas air sin, beidh orthu glacadh le cásanna áirithe a mbeadh sé go speisialta dúshlánach ag an údarás áitiúil féin tabhairt faoi, maille leis an bhforfheidhmiú in earnáil an bhailithe cois cosáin i gcomhar leis na húdaráis áitiúla.

Tugtar achoimre ar ghníomhaíochtaí na dt trí WERLA in 2022 sa tuarascáil seo.

Réamhrá/Achoimre Fheidhmeach

Tá achoimre sa tuarascáil seo ar na gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola atá déanta ag na WERLanna in 2022 agus tugtar spléachadh ar an méid atá bainte amach acu faoi na Tosaíochtaí Náisiúnta um Fhorfheidmiú Dramhaíola.

Lena chois sin, cuirtear de chúram ar na WERLanna tabhairt faoi ghnéithe eile den bhainistiú dramhaíola in Éirinn, cuir i gcás córas a sholáthar leis na Tionscnaimh bhliantúla Frithdhumpála a chur i bhfeidhm¹.

Sciar suntasach eile d'ualach oibre na WERLanna ná le bheith ag cuidiú leis an rialtas náisiúnta le forbairt a dhéanamh ar bheartas agus reachtaíocht maidir le dramhaíl de réir mar is gá.

Chuir na WERLanna an próiseas i bhfeidhm in 2022 chun cur lena n-oifigí. Is é a bhí i gceist leis sin baill foirne bhreise a earcú agus na Comhaontuithe Seirbhíse idir na WERLanna agus an RCAC agus idir na WERLanna agus a gcomhúdaráis áitiúla a dhréachtú.

Chuir na WERLanna modh cumarsáide dhá threo ar fáil i gcaitheamh na bliana idir an beartas agus lucht déanta dlíthe ar thaobh amháin agus oifigigh forfheidhmithe dramhaíola na n-údarás áitiúil ar an taobh eile.

Tá na WERLanna tiomanta i dtaobh cuidiú a thabhairt dá gcomhúdaráis áitiúla ar aon slí de réir mar is gá, cuir i gcás treoir reatha, oiliúint nó cuidiú praiticiúil ar an láthair a chur ar fáil.


¹Tá tuilleadh eolais maidir leis an tionscnaimh frithdhumpála le fáil níos faide anonn sa tuarascáil seo agus tá Tuarascáil Bhliantúil faoi léith do 2022 ar an Tionscnaimh Frithdhumpála.

Réigiúin WERLA

Réigiún Chonnacht-Uladh

Réigiún an Oirthir-Lár Tíre

Réigiún an Deiscirt



Rialachas



Bhí struchtúr eagrúcháin na WERLanna in 2022 dírithe ar an iomlán ar an WERLA feabhsaithe a bhaint amach faoi mar a ceapadh é sin sa doiciméad *An Cás Gnó don Fhorfheidhmiú Dramhaíola, Múnla na bPríomhúdarás Áitiúil* in 2018.

Chuaigh na WERLanna i mbun pearsanra breise teicniúla agus riaracháin a earcú trína bpríomhúdaráis áitiúla féin d'fhonn an struchtúr eagrúcháin feabhsaithe seo a bhaint amach. Baineadh feidhm as an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus as Rannóga Acmhainní Daonna na bpríomhúdarás féin.

Faoi dheireadh 2022, bhíothas tar éis daoine a earcú sna poist bhuana mar Chomhordaitheoirí agus mar Oifigigh Shinsearacha Forfheidhmithe Dramhaíola i ngach WERLA, agus sna poist mar Oifigigh Shinsearacha Forfheidhmithe Dramhaíola ar conradh in WERLA Chonnacht/Uladh agus in WERLA Réigiún an Deiscirt.

Bhí a struchtúr Rialachais féin ag teastáil mar thacaíocht d'eagrúchán feabhsaithe WERLA agus, mar sin, bheadh Grúpa Bainistíochta WERLA le cur ar bun. Buntáiste atá ag Grúpa Bainistíochta WERLA ná an teagmháil atá ann idir an Grúpa sin agus Grúpa Maoirseachta Bainistíochta WERLA, atá in ann cumarsáid a dhéanamh go díreach le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach tríd an gCathaoirleach ar an gCoiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Bainistíocht Dramhaíola, Iompar agus Gréasáin.

Fágann sé sin gur féidir a dheimhniú go bhfreagraíonn na WERLanna go díreach d'earnáil na n-údarás áitiúil trí Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, San am céanna, tá siad fós ina gcomhaltáí gníomhacha den Choiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola agus de na struchtúir um Rialachas Réigiúnach WERLA, cuir i gcás an Comhchoiste Stiúrtha, Comhghrúpaí Oibríochtúla agus, i gcás WERLA Chonnacht Uladh (CU), cruinnithe de chuid na nOifigeach Forfheidhmithe.

Chomh maith leis sin, beidh na WERLanna ag leanúint ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is tríd an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil a dhéantar an teagmháil sin maidir le beartas dramhaíola agus ceisteanna reachtaíochta. Teagmháil dhíreach a dhéantar maidir le cúrsaí oibríochtúla. Ní bheidh aon athrú ar shocruithe cumarsáide WERLA le páirtithe leasmhara a bhaineann le Freagracht Bhreisithe Táirgeora.

Tabharfaidh Comhaontú Seirbhíse idir gach údarás áitiúil agus na WERLanna éifeacht don WERLA breisithe. Tabharfaidh Ordú Feidhmiúcháin tacaíochta stádas dlíthiúil don Chomhaontú Seirbhíse.

Mar thoradh air sin, beidh na WERLanna in ann plé go díreach leis an gcoiriúlacht thromchúiseach dramhaíola in Éirinn a iniúchadh agus a fhorfheidhmiú ar iarratas ó údarás áitiúil cuí agus, san am céanna, ról níos mó a ghlacadh chun bailitheoirí dramhaíola tí in Éirinn a fhorfheidhmiú i gcomhar leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann.



Ráiteas Misin WERLA

An timpeallacht nádúrtha ardchaighdeáin atá againn a chosaint agus a fheabhsú ach a chinntiú go ndéantar monatóireacht ar ghníomhaíochtaí dramhaíola agus reachtaíocht dramhaíola a fhorfheidhmiú ar bhealach seasmhach, comheagraithe, éifeachtúil a dheimhniú leis, i gcomhréir le reachtaíocht agus beartas náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) mar chuid de phróiseas feabhsuithe leanúnacha.



Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Tá na hÚdaráis Áitiúla in Éirinn ag feidhmiú i gcomhthéacsanna reachtúla, polaitiúla agus áitiúla atá casta ós rud é gur rialálaithe agus forais rialála san am céanna iad. Tá oibleagáidí suntasacha dlí agus beartais rialtais orthu.

Tá ról gníomhach ceannaireachta le glacadh ag an rialtas áitiúil agus bítear ag súil leis sin. Is gá an ról ceannaireachta sin a fheidhmiú bunaithe ar struchtúir agus prionsabail mhaithe don rialachas corparáideach. Spreagfaidh an méid sin níos mó muiníne san earnáil rialtais áitiúil agus neartófar an caidreamh atá riachtanach idir údaráis áitiúla agus na pobail a bhfuil siad ag freastal orthu.

Déantar cumarsáid faoin obair a dhéanann na WERLanna leis an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola. Is iad an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) a dhéanann comhchathaoirleacht ar an gcoiste sin. Déanann an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola tosaíochtaí náisiúnta i leith forfheidhmiú dramhaíola a shocrú chomh maith le leanúnachas a chur chun cinn ar bhonn lárnach. Rinneadh na tosaíochtaí náisiúnta i dtaca le forfheidhmiú dramhaíola do 2022 a leagan amach mar chuid de chruinniú an Choiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola an 3 Samhain 2021.

Fágann an socrú rialachais seo go bhfuil na WERLanna in ann a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus iad freagrach as na cinntí agus gníomhartha a dhéanann siad féin.

Ar an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola tá ionadaithe ó réimse leathan d'údaráis rialála, lena n-áirítear na WERLanna, an GCC, an Garda Síochána, an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann (NTFSO), an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Oifigí Réigiúnacha um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) agus Comhordaitheoir Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil.

Is féidir muinín agus tuiscint idir páirtithe a spreagadh mar chuid den phlé sna cruinnithe rialachais seo toisc gur féidir eolas agus aiseolas a thabhairt, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do na WERLanna dul i ngleic le cásanna tromchúiseacha den choiriúlacht dramhaíola.

Ceapadh comhordaitheoir clár le haghaidh Oibríochtaí Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil in 2021. Tá comhordaitheoir na gclár ag tuairisciú go díreach do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus do Chathaoirleach choiste an CCMA um Uisce, Dramhaíl, Comhshaoil agus Pleanáil Éigeandála.

Is éard a dhéanann comhordaitheoir na gclár ná na cláir chomhroinnte seirbhísí dramhaíola atá ann cheana féin (Oifigí Réigiúnacha um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola, Príomhúdaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola, an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann agus an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola) a chomhordú ionas go mbeidh an cur chuige céanna i bhfeidhm iontu.

Ós rud é go mbíonn cruinnithe rialta ann idir rialálaithe agus príomhpháirtithe leasmhara bíonn deis ann eolas, barúlacha agus aiseolas ar chúrsaí rialála a phlé go hoscailte.



Ós rud é go mbíonn cruinnithe rialta ann idir rialálaí agus príomhpháirtithe leasmhara bíonn deis ann eolas, barúlacha agus aiseolas ar chúrsaí rialála a phlé go hoscailte.



Tá sé tábhachtach go mbeidh éagsúlacht ann i measc na rannpháirtithe i socrú foirmiúil comhairliúcháin agus go mbeidh páirtithe leasmhara cuí mar chuid de. Buanghrúpa sainchomhairleachta atá i nGrúpa Teagmhála an Tionscail. Grúpa é ina ndéantar léiriú ar leasanna, taithí agus tréithe eagrúcháin páirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach agus i measc forais rialála. Fóram atá ann le gur féidir eolas a scaipeadh idir príomhpháirtithe leasmhara. Is é Cumann na hÉireann um Bainistíocht Dramhaíola (IWMA) a dhéanann bainistíocht ar an nGrúpa, agus mar chuid de tá baill ón RCAC, GCC, ó na WERLanna, ó Institiúid Chairte an Bhainistithe Dramhaíola (CIWM), ó NTFSO, NWCPO agus ó gach ceann de na Scéimeanna Comhlíontachta i dtaca le Freagracht Táirgeoirí.

Tá a líonra féin de ghrúpaí ó na húdaráis Áitiúla ag gach WERLA, lena n-áirítear Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha, Grúpaí Réigiúnacha Oibríochtaí agus Grúpaí Réigiúnacha na nOifigeach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola. Bíonn cruinnithe rialta ag na grúpaí le nithe mar seo a phlé: riosca rialála a shonrú, a anailísiú agus a shocrú in ord tosaíochta; pleananna straitéiseacha agus oibríochta a dhearadh agus a chur chun feidhme; cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar an eolas, iontaofa agus leanúnach; agus dearbhú a thabhairt do pháirtithe leasmhara go bhfuil cuspóirí rialála á gcomhlíonadh.

Tugann cruinnithe ad hoc, seimineáir agus grúpaí plé deis do na WERLanna labhairt le páirtithe leasmhara áirithe ar shaincheistanna rialála sonracha nuair is oiriúnaí atá an malartú eolais don rialálaí agus do na páirtithe leasmhara.

Tá an comhar agus an chomhpháirtíocht idirnáisiúnta an-tábhachtach i dtaca le dlí comhshaoil an Aontais Eorpaigh a fhorfheidhmiú. Mar iarracht le feabhas a bhaint amach sa chomhar agus san eagrú ó thaobh an fhorfheidhmithe de, tá teagmhálacha struchtúrtha agus pearsanta forbartha ag na WERLanna le líonraí Eorpacha le go mbeidh siad in ann a líonra féin a láidriú, taithí agus dea-chleachtas a phlé, cásanna reatha a phlé agus a gcuid gníomhaíochtaí forfheidhmithe a eagrú le go mbeidh siad i gcomhréir a chéile. Déantar rioscaí rialálaithe a thagann chun cinn a shonrú mar chuid de phlé leanúnach agus rannpháirtíocht le líonra rialála idirnáisiúnta, cuir i gcás Líonra an Aontais Eorpaigh maidir le Dlí an Chomhshaoil a Chur chun Feidhme agus a Fhorfheidhmiú (IMPEL), an Líonra Póilíní dírithe ar Choireacht Chomhshaoil a throid (EnviCrimeNet), Líonra Eorpach na nIonchúisitheoirí don Chomhshaoil (ENPE) agus Fóram Breithiúna an Aontais Eorpaigh don Chomhshaoil (EUFJE).

Beartais agus cuspóirí 2022

Cuspóir A

Reachtaíocht agus beartas AE agus náisiúnta a chur chun feidhme ionas go mbeidh cur chuige leanúnach ann i leith an fhorfheidhmiúcháin dramhaíola.

- Beartas A.1:** Tacaíocht a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh le go gcuirfear na tosaíochtaí náisiúnta maidir le forfheidhmiú dramhaíola chun feidhme do 2022 faoi mar atá comhaontaithe ag an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola.
- Beartas A2:** Tacaíocht a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh le go gcuirfear scéimeanna PRI (Tionscnamh Freagrachta Táirgeora) chun feidhme in 2022 faoi mar atá comhaontaithe ag an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola.
- Beartas A3:** Tacaíocht a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh le go gcuirfear na Rialacháin um Mearcair chun feidhme in 2022 faoi mar atá comhaontaithe ag an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola.

Cuspóir B:

Saincheisteanna náisiúnta a shonrú agus a bhainistiú i leith forfheidhmiúchán dramhaíola mar chuid de straitéis mhionsonraithe.

- Beartas B1:** Plean Bliantúil Oibre a athbhreithniú agus a choinneáil chun dáta.
- Beartas B2:** Caidreamh oibre a chothú le páirtithe leasmhara agus na sonraí a fhaightear a úsáid leis na dúshláin a bhaineann leis an bhforfheidhmiúchán a shonrú.
- Beartas B3:** Cur chuige comhtháite a úsáid leis an reachtaíocht a fhorfheidhmiú ar bhonn seasmhach.

Cuspóir C:

Straitéisí agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola a chur in iúl agus a chomhordú. Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha le leibhéal an chomhlíonta a chur chun cinn.

- Beartas C1:** Féachaint lena dheimhniú go mbeidh an treoir ar fad a eiseofar go cruinn, leanúnach agus go gcuirfear an reachtaíocht chuí san áireamh inti.
- Beartas C2:** An struchtúr a chur ar fáil ionas gur féidir comhar níos fearr a bhaint amach idir údarais forfheidhmiúcháin, níos mó den fhoghlaim idir píaraí a dhéanamh agus fóraim a fhorbairt leis an dea-chleachtas a scaipeadh.
- Beartas C3:** Cumar éifeachtach a dhéanamh i measc páirtithe leasmhara.

Cuspóir D:

Torthaí agus leanúnachas níos fearr a bhaint amach san fhorfheidhmiú dramhaíola bunaithe ar struchtúir agus nósanna imeachta soiléire.


- Beartas D1:** Treoir chaighdeánach a thabhairt maidir le forfheidhmiú dramhaíola lena dheimhniú go nglacfar leis an dea-chleachtas agus le héifeachtúlachtaí.
- Beartas D2:** Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar na struchtúir a theastaíonn chun eolas a fhorbairt

Cuspóir E:

Obair a dhéanamh le húdaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara eile chun dul i ngleic le coireacht thromchúiseach dramhaíola comhshaoil

- Beartas E1:** Bearta a fhorbairt a bheidh ina gcuidiú ag Údaráis Áitiúla le gníomhartha neamhúdaráithe dramhaíola a chosc, a laghdú agus a stopadh
- Beartas E2:** Fadhbanna tromchúiseacha náisiúnta a shonrú faoi mar a bhaineann leis an bhforfheidhmiú dramhaíola agus plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara le teacht ar réiteach cuí orthu.





Na Tosaíochtaí
Náisiúnta
Forfheidhmithe
Dramhaíola, 2022

Aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí mídhleathacha dramhaíola

Tá na Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola do 2022 leagtha amach sa doiciméad Ciorclán WP 06.21 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC). Tá luaite sa téacs sin gurb é is cuspóir don Tosaíocht Náisiúnta seo gníomhartha bailithe agus dumpála neamhúdaraíthe a bhrath agus a stopadh chomh maith le láithreáin atá truaillithe a réiteach.

Baineadh na torthaí seo a leanas amach mar gheall ar an méid sin go sonrach.

- Rinneadh bailitheoirí neamhúdaraíthe a bhrath agus cuireadh deireadh lena gcuid gníomhaíochtaí.
- Tá liosta gníomhach ann de láithreáin/oibreoirí neamhúdaraíthe.
- Thángthas ar bheartas seasmhach a cuireadh chun feidhme le tabhairt faoi dhramhaíl atá á cur go mídhleathach sa talamh.
- Níor cheart do shaoráidí údaraíthe (ceadaithe agus ceadúnaithe) cóireáil neamhúdaraíthe na dramhaíola a cheadú.

Chun éifeacht a thabhairt don tosaíocht náisiúnta seo in 2022, lean na WERLanna ar aghaidh ag tacú go praiticiúil leis na húdarais áitiúla lena mbaineann chomh maith le comhairle theicniúil a thabhairt ar chásanna éagsúla forfheidhmithe dramhaíola de réir mar a tháinig siad chun cinn.



Láithreáin ilghníomhaireachtaí ar díol imní iad

Tá oibríochtaí ar bun ag meascán gníomhaireachtaí ar láithreáin a bhfuil lear mór eachtraí mídhleathacha dramhaíola iontu. Tá na WERLanna, mar aon leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann, ag feidhmiú i gcomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile sa Stát, lena n-áirítear an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás Custam agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Bhí na hoifigí forfheidhmithe dramhaíola sna húdaráis áitiúla ag obair go dlúth arís leis an nGarda Síochána go háitiúil in 2022. Nuair a bhí an deis ann, bhí baill foirne ó WERLA i láthair ag seicphointí feithiclí le linn na bliana.

Oibríocht Ilghníomhaireachtaí le ceann cúrsaí féideartha Cáblaí Goidte a aimsiú

Bíonn cruinnithe ag Fóram AGS um Ghadaíocht Miotail go fóill. Tá na WERLanna in ann comhairle a chur ar lucht na gcrúinnithe sin faoin tábhacht a bhaineann leis an gClár Saoráide Dramhaíola atá i bhfeidhm i Saoráidí Dramh-Mhiotail agus Saoráidí Cóireála Údaraithe atá údaraithe ag an údarás áitiúil, áiteanna a n-íoctar in airgead tirim as dramh-mhiotal.

In 2022, ar iarratas ón nGarda Síochána, tugadh faoi oibríocht ilghníomhaireachtaí ina raibh ról ag Comhairle Contae an Chabháin, Comhairle Contae Mhuineacháin, NTFSO, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Gníomhaireacht

Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus WERLA CUR. Is éard a bhí i gceist leis an oibríocht ná iniúchadh a dhéanamh ar shaoráidí údaraithe miotail i gcontaetha éagsúla ar an dá thaobh den teorainn i dtaca le cábla goidte.

Mar thoradh ar iniúchadh comhordaithe na WERLanna ag an am céanna ar shaoráidí údaraithe cóireála i gcontae an Chabháin agus i gcontae Mhuineacháin, bhí AGS in ann teacht ar dhaoine a rabhtas sa tóir orthu i dtaca le himscrúdú an fhórsa. Chuir AGS in iúl gur éirigh leis an oibríocht seo mar chuid d'Fhóram AGS um Ghadaíocht Miotail in Aibreán 2022.

Oibríocht Ilghníomhaireachtaí maidir le Tiontairí Catalaíocha

In 2022, chuathas ar aghaidh le cur chuige forleathan náisiúnta le himscrúdú a dhéanamh ar oibríocht a tháinig chun tosaigh i gComhairle Contae Fhine Gall, agus 15 údarás áitiúla, na WERLanna agus an Garda Síochána páirteach san oibríocht. Faoi dheireadh na bliana bhíothas tar éis ciontuithe sásúla a fháil sa chúirt. Cuirfear cásanna eile chun cinn in am is i dtráth.

Mar thoradh ar an oibríocht ilghníomhaireachtaí seo, tá tuairiscithe ag AGS do na WERLanna go bhfuil gadaíocht tiontairí catalaíocha tite go mór sa dóigh is gur beag nach ann dóibh anois. Toradh an-sásúil é seo d'earnáil na n-údarás áitiúil atá ag obair go náisiúnta leis an nGarda Síochána agus le Comhairle Contae Fhine Ghall.



Nuair a bhí an t-iniúchadh seo ar ghadaíocht miotail agus inrianaitheacht thart, fuair Comhairle Contae Fhine Gall 10 gcinn de pléadálacha ciontacha sa Chúirt Dúiche (an 15 Feabhra agus an 31 Bealtaine 2022) ó dhaoine a raibh baint acu le sruthanna dramhaíola ardluacha (tiontairí catalaíocha) a iompar go mídhleathach chuig saoráid sa Chontae.

Cuireadh an tAcht um Promhadh Ciontóirí i bhfeidhm cúig huairé i bhFeabhra 2022. Dámhadh costais dlí ar €1,500 an cás. Ciontaíodh cúigear eile i mBealtaine 2022 faoi alt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Dámhadh costais dlí idir €2,000 agus €3,000 an cás taobh le fineáil €200 an duine.

Anuas air sin, d'éirigh le Comhairle Contae Fhine Gall pléadáil chiontach a fháil ón tsaoráid sa Chúirt Dúiche i nDeireadh Fómhair 2022. Dámhadh costais dlí €9,000 ar an gComhairle. Ordaíodh don tsaoráid fineáil €500 a íoc fosta. Tá torthaí na gcásanna agus méid suntasach na gcostas agus na bhfineálacha a dámhadh ann mar gheall ar na hiniúchtaí móra a rinne Comhairle Contae Fhine Gall maidir le gadaíocht miotail agus inrianaitheacht san Earnáil Dramhaíola.

D'éirigh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 12 ionchúiseamh shásúla a bhaint amach i gcoinne daoine a raibh baint acu san iniúchadh céanna ar ghadaíocht miotail agus inrianaitheacht.

Thángthas ar láithreán suntasach neamhúdaraithe le haghaidh Feithiclí Ré Caite i gComhairle Contae Dhún na nGall mar chuid den oibríocht seo maidir le Tiontairí Catalaíocha inar aithníodh go raibh méid suntasach de thruailliú an chomhshaoil ann. Bhí gníomh

forfheidhmiúcháin ar siúl ag Comhairle Contae Dhún na nGall i ndeireadh 2022 agus bhíothas ag feitheamh le hionchúisimh faoi alt 32 agus alt 39 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Tá an láithreán druidte agus tá na feithiclí ar fad tógtha uaidh.

Tháinig Comhairle Contae na Gaillimhe ar dhá bhailitheoir dramhaíola neamhúdaraithe tríd an oibríocht seo. Tá cás ionchúisimh liostaithe lena éisteacht i dtaca le sárúithe faoi alt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola. Bhí cásanna fós ar siúl i ndeireadh 2022.

I gcás eile in 2022, chuidigh na WERLanna le Comhairle Contae Dhún na nGall in iniúchadh a bhain le Stáisiún Aistrithe Dramhaíola a loisceadh. Mar chuid den mhéid a loisceadh bhí dramhaíl tí a raibh bailitheoir dramhaíola tí cois cosáin i ndiaidh a stoc-charnadh. Bhí ordú faighte ag an mbailitheoir céanna roimhe sin ó na Cúirteanna an t-áitreacha a ghlanadh. Ní bhíonn an t-oibreoir ceada dramhaíola ag bailiú dramhaíl tí níos mó. Tá an baol don chomhshaoil maolaithe mar sin. Is gá an láithreán a ghlanadh le go leigheasfar na fadhbanna ar fad, ámh. Bhíothas leis an gcás a chur os comhair na gCúirteanna arís in 2023 lena dheimhniú go rabhthas ag cloí go hiomlán leis an dlí.

Anuas air sin, in 2022, thug na WERLanna tacaíocht oibríochta agus theicniúil i dtaca le stoc-chairn oidhreachta de dhramhaíl phlaisteach ó fheirmeacha agus boinn ré caite a bhí braite ag údaráis áitiúla. Is é an cuspóir foriomlán a bhaineann leis na cásanna seo ar fad go mbítear ag iarraidh feabhsúchán iomlán na láithreán a bhaint amach.



Dramhaíl Tógála agus Scartála

Is é is aidhm don chuspóir atá taobh thiar den Tosaíocht Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola don Dramhaíl Tógála agus Scartála ná lena chinntiú go ndéanfar dramhaíl tógála agus scartála a bhainistiú, a iompar agus a dhiúscairt go héifeachtach ar bhonn údaraithe.

Tá forbairt déanta ar chlár oibre WERLA don dramhaíl tógála agus scartála le blianta anuas ós rud é gur tosaíocht náisiúnta leanúnach atá sa dramhaíl tógála agus scartála. In 2022, bhí an clár oibre fós dírithe ar ghnéithe éagsúla den dramhaíl tógála agus scartála mar atá leagtha amach thíos.

Iníuchtaí Comhordaithe ar Láithreáin Aisghabhála Ithreach

Tá feidhm leis an treoir ón GCC ar chritéir chun glacadh le dramhaíl i saoráidí ceadúnaithe agus údaraithe aisghabhála ithreach (Eanáir 2020) i ngach saoráid aisghabhála ithreach. Fuarthas amach ar láithreáin a bhí ceadúnaithe ag an GCC go raibh na coinníollacha a bhaineann leis an treoir agus leis an gceadúnas á gcur chun feidhme ar leibhéal an-íseal. Tar a éis sin, d'iarr an GCC cuidiú ar na WERLanna chun iniúchtaí ilghníomhaireachtaí a chomhordú i saoráidí ceadúnaithe agus ceadaithe aisghabhála ithreach chun cur chuige leanúnach a fhorbairt don fhorfheidhmiú. Thug GCC/WERLA/údaráis áitiúla faoi iniúchtaí i gcomhar a chéile i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus i Réigiún an Deiscirt in 2022.

- **Monatóireacht a dhéanamh ar Ghníomhaíochtaí Tógála agus Scartála**

Cuid lárnach den chlár oibre fós ná iniúchtaí ó thús deireadh ar shealbhóirí Ceadanna Bailithe Dramhaíola ina n-úsáidtear uirlisí oibre WERLA a forbraíodh roimhe seo.

- **Airteagal 27 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (an Treoir maidir le Dramhaíl), 2011**

Leanadh ar aghaidh in 2022 le hiniúchtaí na n-údarás áitiúil ar láithreáin Airteagal 27, láithreáin tosaigh agus deiridh san áireamh, uirlisí oibre na WERLanna á n-úsáid. Rinne na húdaráis áitiúla aon torthaí a thuairisciú don GCC chun cuidiú a thabhairt cinntí a dhéanamh. Chuaigh na húdaráis áitiúla leis an iniúchadh ar aon chinntí a bhfuarthas fógra ina leith agus socraíodh na gníomhartha a theastódh ansin. Tá plé ar bun idir na WERLanna agus an GCC chun conair a shocrú i gcás láithreáin oidhreachta Airteagal 27.

- **Láithreáin Tógála agus Mórthionscadail Phoiblí.**

Lean údaráis áitiúla ar aghaidh agus iniúchadh á dhéanamh acu ar láithreáin tógála, uirlisí WERLA á n-úsáid acu, lena n-áirítear láithreáin a aithníodh go háitiúil trí fhógraí um thosach feidhme agus láithreáin a aithníodh i liosta na mórthionscadal poiblí arna chur le chéile ag na WERLanna.

- **Straitéis tógála agus scartála, 'Iniúchadh Spriocdhírthe ar Fhrúiliú Scipeanna agus Gníomhaíochtaí Neamhúdaraithe Tógála agus Scartála'**

Rinne na húdaráis áitiúla dul chun cinn leanúnach ar na céimeanna den Straitéis Tógála agus Scartála in 2022 agus iad ag breathnú ar oibreoirí ar díol imní iad san earnáil. Cuireadh in iúl do na húdaráis áitiúla gur chóir an clár reatha oibre a dhéanamh i gcomhar leis an straitéis tógála agus scartála don 'Iniúchadh Spriocdhírthe ar Fhrúiliú Scipeanna agus Gníomhaíochtaí Neamhúdaraithe Tógála agus Scartála'. Tá sonraí thíos faoi chás-staidéar a bhaineann le sampla de thoradh comhordaithe sásúil a bhain na húdaráis Áitiúla amach faoin straitéis tógála agus scartála.



Comhairliúchán leis an GCC

Tá plé déanta ag na WERLanna leis an GCC chun teacht ar chinntí náisiúnta ar na sruthanna dramhaíola tógála agus scartála seo a leanas:

- Airteagal 28 - Critéir le haghaidh Stádas Deireadh Dramhaíola i gcás Tathagú Athchúrsáilte; agus
- Airteagal 27 - Critéir Fotháirgí le haghaidh Ithreach agus Cloiche.

Rinne na WERLanna aighneachtaí a bhí á gcur faoi bhráid an GCC a chomhordú thar ceann na hearnála Rialtais Áitiúil agus na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil don dréachtchinneadh

maidir le hAirteagal 27 - Critéir Fotháirgí le haghaidh Ithreach agus Cloiche. D'fhreastail siad ar chruinnithe leis an GCC maidir le hAirteagal 28 - Critéir le haghaidh Stádas Deireadh Dramhaíola i gcás Tathagú Athchúrsáilte.

Mar gheall ar rannpháirtíocht na WERLanna, tá an GCC tar éis critéir láidre a dhréachtú a úsáidfidh na foirne forfheidhmithe sa GCC agus na húdarais áitiúla agus, dá bharr, déanfar na sruthanna dramhaíola seo a atreorú lena n-athúsáid sa gheilleagar ciorclach.

Cás-staidéar



Torthaí sásúla sa chúirt faoin Straitéis Tógála agus Scartála.

Cuireadh cás i gcrích ina bhfuarthas cuideachta ciontach faoi alt 32, alt 34 agus alt 39 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, as thart ar 2,000 tonna d'ábhar ithreach agus cloiche a dhiúscairt in aice Achadh an Lúir, Contae an Chabháin. Éisteadh an cás ar dhá dháta faoi leith. Thug Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Contae na Mí fianaise ann. Gearradh fíneálacha €4,500 ar an iomlán ar an gcuideachta.

Ciontaíodh an t-oibreoir i gCúirt Dúiche Charraig Mhachaire Rois chomh maith. Tugadh ordú don oibreoir fíneáil €2000 a íoc as gach toghairm faoi alt 32 agus alt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, agus costais iomlána (€12,455.33) a íoc taobh istigh de 6 mhí. I mí Dheireadh Fómhair 2022, tarraingíodh siar achomharc ar an ionchúiseamh a bhain le Contae Mhuineacháin.

Ciontaíodh an t-oibreoir i gCúirt Dúiche Dhroichead Átha chomh maith. Phléadáil an t-oibreoir ciontach i gcúisimh ag baint le hAirteagal 3 agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (na Rialacháin um Loingsiú Trasteorann ar Dhramhaíl), is cion faoi Rialachán 9(1) de na Rialacháin maidir le Bainistíocht Dramhaíola (Loingsithe Dramhaíola), 2007, agus Rialachán 15 de na Rialacháin maidir le Bainistíocht Dramhaíola (Clárú Bróicéirí agus Déileálaithe), 2007, is cion faoi Rialachán 16(1) de na Rialacháin maidir le Bainistíocht Dramhaíola (Clárú Bróicéirí agus Déileálaithe). Gearradh fíneáil €1,000 ar an gcúisí as cúis 1, €1,000 as cúis 2, agus dámhadh costais €11,897.32 ar an gComhairle agus 6 mhí ann lena n-íoc. Bhí ciontuith gaolmhara eile ag an gcuideachta sa Mhí in 2018 agus i gCill Dara in 2017.

An Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite agus an Tionscal Dramh-Mhiotail

An cuspóir atá ann faoin Tosaíocht Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola seo, 2022-2024, ná lena chinntiú go mbeidh gach saoráid ábhartha le haghaidh feithiclí ré caite agus do thionscal an mhiotail údaraithe agus go leibhéal ard comhlíontachta iontu i dtaca le feithiclí ré caite agus miotal a ghlacadh, a aicmiú, a scaradh, a athchúrsáil agus a dhiúscairt agus go gcuirfead deireadh le gníomhaíochtaí neamhúdaraithe lena chinntiú go mbeidh cinnteacht ag baint leis an acmhainn infheistíochta i gcás an tionscail údaraithe.

Turas Feithicle Ré Caite – ceardlann le haghaidh oibreoírí saoráidí cóireála údaraithe – Dé Céadaoin, 23 Márta 2022

Mar chuid den fhorbairt ar Straitéis nua na hÉireann don Gheilleagar Ciorclach, dírithe go sonrach ar Fheithiclí Ré Caite, chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ceardlann ar siúl in Óstán an Midlands Park, Port Laoise, Dé Céadaoin an 23 Márta 2022 idir 09:30 agus 13:30, i gcomhar leis an bPríomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola do Réigiún an Deiscirt.

D'fhreastail 60 duine ar an gceardlann. Bhí ionadaithe ann ó scéimeanna EPR (Repak ELT/DTLL Éireann/ELVES) a bhí páirteach ar an lá.

Cé go bhfuil na spriocanna maidir le feithiclí ré caite bainte amach in Éirinn, dúshlán atá ann na rátaí arda athúsáide, aisghabhála agus athchúrsála a choinneáil, ar dúshlán é sin atá roimh oibreoírí saoráidí cóireála údaraithe agus roimh na húdaráis rialála. Mar gheall ar an dúshlán sin, Tosaíocht Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola atá ann gach bliain ó bhí 2016 ann go gcloífear leis an Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite agus faireachán a dhéanamh ar a Thionscal an Mhiotail.

An teideal a bhí ar an gceardlann ná “Turas Feithicle Ré Caite”. An cuspóir a bhí leis an gceardlann ná chun tacú le hoibreoírí saoráidí cóireála údaraithe chun feithiclí

ré caite agus miotal a bhainistiú ina gcuid saoráidí.

Thug cainteoirí ar an lá achoimre ar an reachtaíocht agus ar bheartas náisiúnta dramhaíola a bhaineann leis an ábhar. Thug siad comhairle chomh maith maidir le taifid a choinneáil agus tuairisceáin bhliantúla a chomhlánú.

Thóg na hoibreoírí saoráidí cóireála údaraithe ceisteanna éagsúla le linn na gcainteanna, ceisteanna a bhain go háirithe le Deimhniú um Scriosadh a eisiúint/ceanglais inrianaitheachta/taifeadtaí a choinneáil, etc. Déanfar na ceisteanna sin a fhiosrú leis an Roinn Iompair tríd an meitheal um feithiclí ré caite.

Sruthanna Dramhaíola Ardluacha i saoráidí cóireála údaraithe

Rinneadh iniúchtaí cianda i saoráidí éagsúla ar fud an Stáit in 2021. Bhíothas ag iarraidh comhlíonadh a neartú in earnáil na saoráidí cóireála údaraithe agus iniúchadh a dhéanamh ar aimhrialtachtaí sna sonraí a d'aithin na WERLanna faoi mar a bhain le sruthanna Dramhaíola Ardluacha i saoráidí cóireála údaraithe. Mar chuid de na hiniúchtaí, d'iarr an tÚdarás Áitiúil tuilleadh eolais ar an sealbhóir ceada, lena áiríodh ainm agus seoladh don 20 úsáideoir/oibreoír ba mhinice a sheol 16 01 04*, 16 01 06, 16 06 01* agus 16 08 01 chun na saoráide.

Chuir na húdaráis Áitiúla (agus an GCC de réir mar ba chúil) tús ansin le Céim 2 den tionscadal maidir le Sruthanna Dramhaíola Ardluacha, agus tacaíocht acu ó WERLA. Cuireann Céim 2 leis an obair a rinneadh in 2021. Sa chéim seo, is féidir anailísiú sonraí breise a dhéanamh agus na húsáideoirí/oibreoírí athfhillteacha a aithnítear a bhailíochtú. Rinne an WERLA na doiciméid seo a leanas a ghiniúint chun tacú leis na húdaráis Áitiúla sa phróiseas:

- [Litreacha bailíochtaithe daonraí chuig saoráidí, NWCP, an oifig mótarachánach, rannán na rátaí](#)



- Foirm an tslabhra coimeáda le gur féidir aistriú sonraí a dhéanamh.
- Teimpléid litreacha maidir le malartú sonraí atá ag cloí leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, RGCS (Údaráis Áitiúla / gníomhaireachtaí seachtracha [AGS, na Coimisinéirí Ioncaim])

Mar chuid den tionscadal maidir le Sruthanna Dramhaíola Ardluacha, rinne na WERLanna forbairt a uirlis aimhrialtachtaí anailísíochta sonraí lenar féidir measúnú a dhéanamh go mear ar dhramhaíl ardluacha bunaithe ar an Deimhniú um Scriosadh agus sonraí ón Tuairisceán Bliantúil.

Tá na WERLanna ag obair leis an NWCPO leis an uirlis anailísíochta seo a chur isteach mair chuid de thairseach NWCPO chun bailíochtú na nÚdarás Áitiúil ar na Tuairisceáin Bhliantúla a láidriú agus chun cuidiú a thabhairt san obair sin san earnáil saoráidí cóireála údaraithe agus miotail. Sula ndearnadh é sin, rinne na WERLanna agus an NWCPO forbairt ar leagan eatramhach den uirlis do 2022 agus scaipeadh é sin ar na húdaráis Áitiúla le go mbeifí in ann iniúchtaí spríodhírthe a dhéanamh. Iarradh aiseolas ar an uirlis anailísíochta seo. Úsáideadh an t-aiseolas sin leis an uirlis a fheabhsú a thuilleadh. Meastar go gcuirfear an uirlis anailísíochta seo ar fáil mar chuid de thairseach NWCPO in 2023.

STAITISTICÍ

- Rinneadh 326 iniúchadh in 2022 i dtaca le saoráidí údaraithe feithiclí ré caite (saoráidí cóireála údaraithe) agus béim á leagan ar cheanglais inrianaitheachta (I.R. 320 de 2014).
- Rinneadh 333 iniúchadh imscrúdaitheach in 2022 i dtaca le láithreáin neamhúdaraithe feithiclí ré caite agus láithreáin amhrasta tosaigh bunaithe ar eolas ón NTFSO (láithreáin gan chead).

Tugadh léargas ar an iarracht mhór a dhéanann údaráis áitiúla, ó thaobh ama agus acmhainní de, le láithreáin neamhúdaraithe feithiclí ré caite sa chur i láthair a thug Comhairle Contae Chorcaí an 6 Deireadh Fómhair 2022 do cheardlann an GCC bunaithe ar Chás-Staidéir.

Sa chás-staidéar dar teideal “Closing of a Significant Unauthorised ELV Site”, rinneadh achoimre ar ghéarú na gníomhaíochta ar an láithreán, thar thréimhse ocht (8) mbliana, a thosaigh mar gharáiste beag agus a d’fhorbair ina láithreán neamhúdaraithe ina nglactaí le timpeall 2000 feithicil gach bliain. Cuireadh tús le gníomh forfheidhmiúcháin in 2019 agus fuarthas cuidiú ó ghníomhaireachtaí eile. Glanadh an láithreán sa deireadh in 2022.

326

iniúchadh

maidir le **saoráidí údaraithe feithiclí ré caite** in 2022.



333

iniúchadh imscrúdaitheach

maidir le **saoráidí neamhúdaraithe feithiclí ré caite** in 2022.



Bailiú Dramhaíola – Dramhaíl Chathrach Mheasctha Tí agus Tráchtála (NWEP)

Mar a tuairiscíodh i mblianta roimhe seo, tá breis agus milliún tona dramhbhia á nginiúint fós in Éirinn gach bliain. Is ón earnáil tí agus tráchtála atá 60% den dramhaíl sin. Aithnítear an dramhbhia mar shruth dramhaíola tosaíochta. Tá brú ann an acmhainn luachmhar seo a scaradh, a ghabháil agus a athchúrsáil.

Tá iarracht déanta ag na WERLanna in 2022 straitéisí forfheidhmithe dramhaíola a fhorbairt a bheadh ina gcuidiú ag údaráis áitiúla ina gcláir oibre bunaithe ar Íoschritéir Mholta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil d'fhonn an leibhéal is airde den scaradh ag an bhfoinse a bhaint amach i gcás dramhaíl chathrach ar an Liosta Dramhaíola, Cód 20 03 01, sna hearnálacha dramhaíola tí agus tráchtála.

An cuspóir a bhí ag an WERLA sa tosaíocht náisiúnta forfheidhmithe dramhaíola seo ó 2022 ná an leibhéal is airde den scaradh agus athchúrsáil a bhaint amach sa dramhaíl chathrach agus torthaí faoi leith ann i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- Tá trí (3) chóras araidí ar bun agus á n-úsáid, is é sin go ndéantar ábhar tirim in-athchúrsáilte agus ábhar orgánach a scaradh ar gach láithreán tráchtála
- Aicmiú beacht dramhaíola agus cainníochtú cruinn sonraí dramhaíola i dTuairisceáin Bhliantúla Chomhshaoil ó oibreoirí dramhaíola cathrach WCP agus WFP
- Leibhéal ard comhlíontachta i measc tithe a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola ó dhoras go doras nó seirbhís oiriúnach eile

Baineadh an méid seo a leanas amach ina leith sin.

Obair a cuireadh i gcrích in 2022

An cuspóir foriomlán atá leis an tosaíocht náisiúnta seo ná an oiread dramhaíola agus is féidir a choinneáil ón líonadh talún agus an t-ábhar athchúrsáilte is fearr agus is féidir a tháirgeadh. Bhí sé sin curtha san áireamh i dtosaíochtaí náisiúnta 2023 faoi Shamhain 2022, mar chuid den ullmhúchán don bhliain a bhí le teacht.

Cuireadh na tosaíochtaí náisiúnta forfheidhmithe dramhaíola do 2023 chuig údaráis áitiúla i gCiorclán WP 0722 ón RCAC chun cuidiú a thabhairt leis an bpleanáil don RMCEI don bhliain a bhí le teacht. Cuireadh tús mar sin le timthriall oibre WERLA a cuireadh i gcrích in 2022. Cuireadh tús leis an obair sin in WP 05-21 ón RCAC.

Scaradh Dramhaíola Tí

Cuireadh seirbhís bailithe cois cosáin ar fáil do 1.6m teach in 2022 as breis agus 1.84 áitreabh príobháideach áitithe a taifeadadh i nDaonáireamh 2022. Léiríonn sé sin go bhfuil an tseirbhís á cur ar fáil ar leibhéal 87% in Éirinn.

Bailíodh 246,967 tona de Dhramhbhia Tí a scaradh ag an bhfoinse. Méadú 45% é sin ó 2012. Bailíodh an dramhaíl ó 1.13m teach a raibh seirbhís 3 araidí acu, arbh é sin 70% de gach áitreabh a fhaigheann an tseirbhís.

Ar leibhéal oibríochtúil in 2022, bhí na WERLanna fós ag obair leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann. Bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis an gcumarsáid le bailitheoirí dramhaíola tí. Na bailitheoirí a bhí i gceist ná iad siúd a raibh leibhéal ísle d'araidí dramhbhia curtha ar fáil acu, nó bailitheoirí a bhfuil taifeadadh déanta acu a thugann le tuiscint go bhfuil cuid mhór d'araidí dramhbhia curtha ar fáil don tseirbhís sin.

Mar chuid den obair sin tugadh tacaíocht in iniúchtaí cúloifige ar líne agus ar an láithreán. Chomh maith leis sin, scaipeadh faisnéis chun tacú le húdaráis díriú ar



chúrsaí oibríochta le linn na bliana.

Rinneadh an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, a achtú an 21 Iúil 2022. I measc forálacha eile, déantar foráil ann chun alt 34C den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, a leasú, lena gcuirtear ar a chumas d'údarás áitiúil clár aisiompaithe le Éirchód a úsáid chun cuardach a dhéanamh ar sheoltaí ina réimse feidhme chun díriú ar thithe agus áitribh thráchtála nach ndéanann a gcuid dramhaíola a bhainistiú mar is ceart.

Tá na fodhlíthe maidir le Dramhaíl a Leagan Amach ina ngné lárnach den chomhlíonadh. Tá achtú an Achta um Gheilleagar Ciorclach, 2022, lena ndéanfar foráil don Chlár Aisiompaithe de réir cód poist ríthábhachtach má táthar le forfheidhmiú éifeachtach agus iniúchtaí spriocdhíritha a dhéanamh.

Rinne na WERLanna cathaoirleacht ar mheitheal a rinne forbairt ar Staidéir Thionchair maidir le Cosaint Sonraí agus doiciméid tacaíochta oibríochta chun éifeacht a thabhairt don ghné a bhaineann leis an gClár Aisiompaithe den Acht um Gheilleagar Ciorclach, 2022. Beimid breá ábalta an obair sin a úsáid nuair a bheidh na hOrduithe cuí um Thosach Feidhme sínithe in éifeacht.

Fágann sé sin go mbeidh gach údarás áitiúil in ann a chinntiú go mbeifear in ann na Fodhlíthe maidir le Dramhaíl a Leagan Amach agus na Rialacháin maidir le Dramhbhia a fhorfheidhmiú mar is cuí.

Scaradh Tráchtála

Tá inní léirithe roimhe seo maidir le dramhaíl chathrach mheasctha LOW 20 03 01 (Dramhaíl Tráchtála) agus scaradh ag an bhfoinse. Bhí plean ag na WERLanna roimhe seo iniúchadh a dhéanamh ar earnáil na dtithe altranais/earnáil an fháilteachais le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán maidir le dramhbhia tráchtála.

Fadhb atá san éilliúchán araidí atá le fáil ar fud na tíre. Meastar go bhfuil dramhaíl athchúrsála nó orgánach mar chuid de 70% den ábhar in araidí bruscair ginearálta ón earnáil tráchtála.

In 2022, chuir na WERLanna tús leis an bpróiseas leis na bailitheoirí a bhfuil Cead Bailithe Dramhaíola (WCP) acu agus an leibhéal ab ísle den scaradh ag an bhfoinse acu sa chatagóir LOW 20 03 01 (Dramhaíl Tráchtála) bunaithe ar Thuairisceáin 2021 lucht WCP. Cuirfear an t-eolas sin chuig údaráis áitiúla ionas go mbeidh siad in ann iniúchtaí a dhíriú ar bhealach éifeachtach in 2023.

An straitéis is mó a bhaineann leis an ngníomh forfheidhmiúcháin seo ná go ndéanfaidh na WERLanna na bailitheoirí a ainmniú a bhfuil an leibhéal is measa den atreorú acu ar shiúl ón líonadh talún. Agus iad siúd ainmnithe, iarrfar orthu liosta custaiméirí a chur ar fáil díobh siúd nach bhfuil ag tabhairt faoin scaradh ag an bhfoinse. Beidh na húdaráis áitiúla féin in ann leanúint ar aghaidh ansin le gníomhartha forfheidhmiúcháin.

Murab ionann is an earnáil tí, tá oibleagáid dhlíthiúil ar tháirgeoirí liostaithe dramhbhia tráchtála an dramhbhia a scaradh ag an bhfoinse faoi na Rialacháin maidir le Bainistíocht Dramhaíola (Dramhbhia), 2009, I.R. 508. Cion atá ann gan cloí leo siúd.

Iniúchtaí ar Bhailitheoirí Dramhaíola Tí agus Tráchtála:

Thug na WERLanna faisnéis oibríochta agus cúnaimh cúloifige in iniúchtaí dá n-údaráis áitiúla féin in 2022.

Tá na hOifigí Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola tar éis ceannasaíocht a thabhairt ar bhailíochtú i gcomhar a chéile ar na Tuairisceáin Bhliantúla le méid áirithe blianta anuas. Freastalaíonn WERLanna ar na hiniúchtaí sin nuair a iarrtar é sin.

Tugann sé sin tacaíocht do na húdaráis

áitiúla agus don Oifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola. Chomh maith leis sin, tugann sé faisnéis reatha do na WERLanna ar an staid reatha i dtaca le bailiú dramhaíola sna hearnálacha dramhaíola in Éirinn, an earnáil tí agus an earnáil tráchtála araon.

Thug a n-údarás áitiúla féin cuireadh do na WERLanna in 2022 dul chuig iniúchtaí ar shaoráidí dramhaíola agus oifigí bailitheoirí dramhaíola maidir leis na coinníollacha a bhaineann le Cead Saoráide Dramhaíola nó Cead Bailithe Dramhaíola nach rabhtas ag cloí leo.

Íoctar lena nÚsáid

Chuir na WERLanna clár oibre i gcrích in 2022 i réimse den earnáil a bhain le dlúthóirí Íoctar lena nÚsáid chun dramhaíl tí a bhailiú. Scaipeadh an fhaisnéis a tháinig as an obair ar na húdarás áitiúla lena mbaineann mar sin.

An chúis a bhí leis sin ná lena chinntiú go raibh an earnáil PTU ag feidhmiú de réir na gcoinníollacha san Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, agus nach raibh baol don chomhshaol ag baint leis an earnáil, ná ag teacht salach ar an tseirbhís bhunaithe bailithe cois cosáin atá i bhfeidhm faoi láthair in Éirinn.

Buaicphointí/torthaí sásúla in 2022 (éachtaí WERLA agus na n-údarás áitiúil san áireamh)

Ar leibhéal oibríochtúil, bhí baint ag na WERLanna le cás forfheidhmiúcháin le hoibreoir ceada bailithe dramhaíola. Bhí an t-údarás áitiúil tar éis ordú forfheidhmiúcháin a thabhairt don oibreoir deireadh a chur leis an mbailiú ach, ina dhiaidh sin, chuaigh an t-áitreabh trí thine.

Mar chuid den chabhair ó WERLA sa chás seo bhíothas i láthair ar an láithreán agus i seomra na cúirte. Rinneadh béim an ghnímh a aistriú go soiléir go mbeadh ar an mbailitheoir neamhchomhlíontach an fuíoll dramhaíola a aistriú chuig láithreán dleathach.

Anuas air sin, thug an WERLA cabhair den chineál céanna d'údarás áitiúil lena mbaineann in iniúchadh fadtéarmach ar dhumpáil mhídhleathach dramhaíola ó bhailitheoir dramhaíola tráchtála.

Thug na WERLanna tacaíocht oibríochtúil ar an láithreán i gcás PTUnna agus bhí dea-thorthaí ann.

Ar leibhéal an Bheartais agus na Reachtaíochta, bhí na WERLanna fós ag obair leis an RCAC agus leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil le nithe a dhréachtú agus a chur ar fáil, cuir i gcás tAcht um Gheilleagar Ciorclach, 2022, agus leasuithe áirithe ar na Rialacháin maidir le Ceadanna Bailithe Dramhaíola.

Rud a bhí suntasach ina leith seo faoi dheireadh 2022 ná go ndearnadh forbairt shásúil ar Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí do Chlár Aisiompaithe Éirchód. Déanann an fhorbairt sin an bealach a réiteach ionas go mbeifear in ann an rogha seo don fhorfheidhmiú dramhaíola a úsáid le linn na bliana atá le teacht.



Freagracht Bhreisiúcháin Táirgeora (EPR) – Sruth Dramhaíola

Na Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola, 2022 – 2024

TIONSCNAIMH FREAGRACHTA TÁIRGEORA

Táthar tar éis an múnla dar teideal Freagracht Bhreisiúcháin Táirgeora a fheidhmiú go han-sásúil in Éirinn le blianta anuas chun plé le sruthanna éagsúla dramhaíola.

Tá Tionscnaimh Freagrachta Táirgeora bunaithe ar an bprionsabal ‘iocann an táirgeoir’. Is é a chiallaíonn sin ná go mbíonn freagracht ar tháirgeoirí a gcuid táirgí féin a bhailiú agus an dramhaíl a bhainistiú ar bhealach slán sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus a ré caite ag na táirgí.

Is é is aidhm do na cuspóirí faoin Tosaíocht Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola, 2022-2024, seo ná lena chinntiú go bhfuil gach oibreoir atá faoi réir tionscnaimh freagrachta táirgeora cláraithe le heagraíocht nó eagraíochtaí cuí agus go bhfuil leibhéal sásúla comhlíonta rialála ann i ngach saoráid dramhaíola, na cinn sin ar le húdaráis áitiúla iad san áireamh.

Láithreáin tábhachta ilghníomhaireachtaí: feabhsúchán ar stoc-chairn ó sruthanna dramhaíola a bhaineann le Freagracht Bhreisiúcháin Táirgeora atá mar chúis le bagairt roimh an gcomhshaoil.

Bhí na WERLanna ag obair leis an RCAC chun scéim a fhorbairt le stoc-chairn sruthanna dramhaíola freagrachta breisiúcháin a leigheas a bhí ina mbaol don chomhshaoil. Tá an scéim seo ann chun aitheantas a thabhairt don ualach airgeadais a thiteann ar Údaráis Áitiúla chun tabhairt faoi ghníomhú forfheidhmiúcháin agus leasúchán ar stoc-chairn mhídhleathacha. Tá na hoibreacha leasúcháin á maoiniú 100% ag an RCAC. Is é an cuspóir a bhí ann ar dtús ná go mbeadh na tionscadail ar fad

curtha i gcrích agus an maoiniú caite in 2021.

Níorbh fhéidir é sin a dhéanamh mar gheall ar nádúr agus castacht na láithreán. Tugadh na tionscadail isteach chuig 2022 mar atá leagtha amach thíos (féach leathanach 32). Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an RCAC i gcásanna áirithe. Cuireadh maoiniú ar fáil i gcás 6 láithreán ar fud an Stáit faoi raon feidhme na gclár. Dhá cheann an réigiún i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus i réigiún Chonnacht agus Uladh. Chuir gach láithreán an próiseas tairisceana i gcrích i gcomhréir leis an nós imeachta don chaiteachas poiblí.

Rinne na WERLanna faoi seach an dul chun cinn ar na láithreáin seo a chomhordú leis na húdaráis áitiúla agus leis an RCAC. Tá maoiniú do na láithreáin seo faofa ag an RCAC má chuirtear na hoibreacha i gcrích agus má dhéantar íocaíochtaí i bhfráma íocaíochta faoi leith.

I gcás an dá láithreán a bhí suite i réigiún an Deiscirt ina raibh boinn dramhaíola agus plaistigh ó dhramhaíl feirme á stóráil orthu, cuireadh tús leis an dramhaíl a bhaint in 2021. Cuireadh an glanadh sin i gcrích, agus rinneadh na láithreáin a leigheas, in 2022.

Cuireadh an obair ar an dá láithreán i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre i gcrích in 2022.

Meastar go mbeidh an láithreán eile i réigiún Chonnacht Uladh iomlán socraithe in 2023.





Pacáistíocht

D'fhógair an Rialtas i Meitheamh 2020, i gClár an Rialtais, cuspóir go gcuirfí "deireadh le féin-chomhlíonadh mar rogha faoinn EPR (Freagracht Bhreisithe Táirgeora), lena chinntiú go gcaithfear go cothrom le gach táirgeoir agus chun aon bhealach éalaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaint." Rinne an tAire an cinneadh sin a dheimhniú arís i nDeireadh Fómhair 2020 sa doiciméad Beartais Náisiúnta, is é sin Plean Gníomhaithe Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach.

Tá Repak fós ag cur seirbhísí sainchomhairleoireachta ar fáil i gcás Táirgeoirí Móra faoi Amhras. Cuirfear measúnuithe ar oibleagáidí pacáistíochta ar fáil saor in aisce gan aon oibleagáid ann do dhéantóirí, pacálaithe ar conradh, sealbhóirí branda, allmhaireoirí, dáileoirí agus miondíoltóirí. I gcásanna ina mbíonn gnólachtaí ag díol nithe go díreach leis an tomhaltóir gan iad a allmhairiú agus gan branda a bheith acu, mar shampla díoltóirí neamhspleácha, tithe tábhairne, siopaí eisceadúnais, cógaslanna, srl., bainfear feidhm as ré-áiritheoir nó treoir ghinearálta a bhaineann go sonrach leis an tionscal leis an measúnú ar oibleagáidí a dhéanamh. Beidh Repak in ann cuidiú a thabhairt leis sin. Chuir na WERLanna an tuairisc chun dáta seo chuig Údarás Áitiúla a réigiún féin i mí an Mheithimh.

Sheol Repak tairseach nuashonraithe don fhorfheidhmiú pacáistíochta i mí na Samhna. Tá sé níos éasca an tairseach nuashonraithe a úsáid agus tá feidhmeanna breise ann le bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar shonraí. Bhí na WERLanna ag obair le Repak chun straitéis chumarsáide a fhorbairt. Bhí seimineár gréasáin idirghníomhach ann faoin tairseach úr ar an 23 Samhain le haghaidh na n-oifigeach forfheidhmiúcháin dramhaíola ar fad ó na húdarás áitiúla.

Bhí na WERLanna ag obair go dlúth i gcaitheamh 2022 leis an RCAC agus le Repak, an scéim comhlíontachta, le straitéis a fhorbairt a bheadh mar chuidiú

ag gnólachtaí agus iad ag aistriú go ballraíocht le Repak, gnólachtaí a thugadh féin dearbhú ó thaobh comhlíontachta de. Bhíothas ag obair chomh maith lena chinntiú go gcloífear ar bhonn leanúnach leis na Rialacháin maidir le Pacáistíocht.

Rinneadh an chéad ráithe in 2023 a shocrú mar idirthréimhse.

Síníodh I.R. Uimh. 659 de 2022, RIALACHÁIN AN AONTAIS EORPAIGH (um PACÁISTÍOCHT) (LEASÚ), 2022, an 14 Nollaig 2022. Tháinig éifeacht leis an ionstraim an 1 Eanáir 2023. Baineadh an féin-chomhlíonadh mar rogha faoi na rialacháin maidir le pacáistíocht.

Cláraíodh 189 dream nua le Repak in 2022 go náisiúnta. Méadú é sin ar an líon in 2021, nuair a cláraíodh 168 ceann.

Ba chóir a lua nár threoraigh Repak féin ach dhá cheann den 189 dream nua a síníodh le Repak. Tháinig an 187 ceann eile as iniúchtaí na n-údarás áitiúil agus as plé leis na dreamanna.

Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) / Cadhnraí

Tá dhá scéim comhlíontachta in Éirinn:

1. Ardán Athchúrsála na hEorpa in Éirinn (www.erp-recycling.org)
2. DTLL Éireann (www.weeeireland.ie)



Ós rud é go mbailítear táillí ó mhiondíoltóirí, déantar a chinntiú leis na scéimeanna comhlíontachta go mbíonn maoiniú ar fáil le DTLL agus cadhnraí dramhaíola a bhainistiú ar bhealach



slán sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de. Mar chuid de na scéimeanna comhlíontachta déantar socruithe le DTLL agus cadhnaí dramhaíola a bhailiú, a aisghabháil agus a athchúrsáil thar ceann na mball. Tá táillí clárúcháin/riaracháin ann.

Chuaigh na WERLanna i mbun plé leis an dá scéim comhlíontachta le go mbeadh leanúnachas ann san iarracht forfheidhmithe ag na húdaráis áitiúla.

Táthar tar éis saoráidí dramh-mhiotail agus saoráidí scipeanna a aithint mar fhoinsí óna bhféadfadh sceitheadh DTLL a theacht, go háirithe agus athchóiriú tí nó a leithéid ar bun. Tá sé riachtanach go mbeidh scaradh cuí i bhfeidhm, socruithe coraintín agus stórála san áireamh, i gcomhréir le coinníollacha an cheada, sula ndéantar an t-ábhar a aistriú chuig saoráid atá údaraithe le DTLL a phróiseáil.

Mar iarracht le go mbeidh athchúrsáil DTLL níos áisiúla agus níos infheicthe, tá na comhlachtaí formheasta ag cur dreasachtaí ar fáil trí bhíthin bearta airgeadais do shaoráidí údaraithe dramh-mhiotail agus saoráidí scipeanna bruscair le DTLL a chur i dtreo an chórais fhoirmiúil athchúrsála.

Thug na húdaráis Áitiúla faoi chlár comhordaithe iniúchtaí i rith 2022. Bhí na hiniúchtaí seo dírithe ar shaoráidí údaraithe dramh-mhiotail agus scipeanna, agus bhíothas dírithe iontu ar na socruithe chun DTLL a láimhseáil, a stóráil agus a bhailiú. Tá sé riachtanach

an sruth dramhaíola seo a thógáil agus a chóireáil chun an comhshaoil a chosaint, agus chun na spriocanna uailmhianacha a bhaint amach faoi mar atá leagtha amach sa Treoir (2012/19/AE) athmhúnlaithe maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL).

BOINN

Déanann Circol ELT an scéim um chomhlíontacht bonn a fheidhmiú in Éirinn, an méid sin á cheadú ag an Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáide.

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as na rialacháin a fhorfheidhmiú faoi mar a bhaineann siad leis na Táirgeoirí. Déanann na WERLanna Údaráis Áitiúla a chomhordú chun forfheidhmiú a dhéanamh ar an láthair i gcás ionaid agus saoráidí atá ag plé le boinn.

Rinne na WERLanna plé leanúnach le Circol ELT in 2022 ionas go gcuirfí staitisticí comhlíontachta náisiúnta agus réigiúnacha ar fáil ar thairseach idirghníomhach na mbonn. Is é an ráta comhlíontachta atá ann 88% go náisiúnta.

In 2022, rinneadh breis agus 4 mhiliún bonn a bhainistiú trí 2906 Láithreán Cláraithe de chuid Circol ELT (Miondíoltóirí agus Táirgeoirí Bonn).



Treoirthionscadal Comhlíontachta maidir le Feithicíl a bhfuil a Ré Caite

Is éard atá i Seirbhísí Comhshaoil ELV CLG (ELVES) ná an scéim comhlíontachta d'Fheithicíl Ré Caite in Éirinn.

Faoi na Rialacháin maidir le Feithicíl a bhfuil a Ré Caite, tá oibleagáidí ar dhéileálaí feithicíl a sholáthraíonn feithicíl tráchtála éadroma nua nó athláimhe nár cláraíodh roimhe do thiománaithe i bPoblacht na hÉireann.

Chuaigh na WERLanna i mbun plé le ELVES agus gníomhaireachtaí stáit eile in 2022 féachaint lena chinntiú go bhfuil a gcuid oibleagáidí á gcomhlíonadh ag gach déileálaí feithicíl. Tá tús curtha ag na húdaráis Áitiúla le gníomhartha forfheidhmiúcháin. Meastar go gcuirfear iad sin i gcrích in 2023.

Tá 200 cuideachta chláráithe feithicíl cláráithe le ELVES in 2022. Tá 21

cuideachta feithicíl nár ghlac ballraíocht arís a raibh ballraíocht acu i mblianta roimhe sin. Chláraigh 8 gcuideachta nua in 2022.

Tá oiliúint saor in aisce á cur ar fáil ag ELVES do gach saoráid cóireála údaraithe sa stát. Mar chuid den oiliúint, beidh

- Feithicíl leictreacha agus hibrideacha a láimhsiú go sábháilte agus oiliúint ghás F do chórais aerchóirithe saoráidí cóireála údaraithe.

Tá oiliúint á cur ar fáil ag ELVES dá mbaill freisin ar aisghabháil Ghás F



Plean Gníomhaithe Dramhaíola – Rianú Sreafaí Dramhaíola

Tá sé riachtanach sreafaí dramhaíola a rianú má táthar chun gluaiseacht dramhaíola a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa Stát.

Úsáidtear na sonraí dramhaíola ó na Tuairisceáin Bhliantúla a chuireann sealbhóirí ceadanna faoi bhráid na hOifige Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola don fhorfheidhmiú agus tuairisciú áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Úsáidtear iad chomh maith le staitisticí náisiúnta a chur ar fáil maidir le giniúint, aisghabháil agus díúscairt na dramhaíola sa Stát.

Gach bliain, déanann na húdaráis áitiúla tuairisceáin bhliantúla a bhailíochtú lena dheimhniú go bhfuil na sonraí tugtha ag na sealbhóirí cruinn iomlán. Mar mhalairt, déantar bailíochtú comhoibríoch leis na hOifigí Réigiúnacha um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola a bhfuil na bailitheoirí dramhaíola is mó iontu (dramhaíl tí, tráchtála, tógála agus scartála) agus saoráidí dramhaíola ceadaithe na n-údaráis áitiúil mar atá ainmnithe ag na hOifigí Pleanála agus an GCC.

Tá iarrachtaí móra déanta ag Údaráis Áitiúla le blianta anuas le monatóireacht a dhéanamh ar a bhfuil ar bun ag an earnáil údaraithe agus lena chinntiú go bhfaightear tuairisceáin bhliantúla ó bhailitheoirí údaraithe dramhaíola chomh maith le saoráidí dramhaíola

agus deimhnithe údaraithe. Léiríú ar na hiarrachtaí sin ná an céatadán ard de thuairisceáin bhliantúla atá curtha isteach ar thairseach Oifig Náisiúnta na gCeadanna Bailithe Dramhaíola do 2022. Faoi láthair, tá tuairisceáin bhliantúla maidir le ceadanna náisiúnta bailithe dramhaíola, á mbailíochtú ag údaráis áitiúla, á dtaifeadadh ar 90%. Is ar 87% atá na tuairisceáin bhliantúla maidir le ceadanna saoráidí dramhaíola/deimhniúcháin chláirúcháin, á mbailíochtú ag údaráis áitiúla.

Córas Faisnéise Bainistíochta Comhshaoil Náisiúnta (NEMIS)

Córas ar líne is ea NEMIS. Is féidir sonraí a chur isteach air agus a chur ar ais chuig an GCC. Déanann údaráis áitiúla tuairisceán bliantúil ar a dtugtar Íoschritéir Mholta don Iníúchadh Imshaoil. Tugtar sa tuairisceán an líon gearán agus iniúchtaí atá taifeadta ag an Údarás Áitiúil faoi mheascán leathan de theidil a bhaineann leis an gcomhshaoil

- Dramhaíl;
- Uisce agus Fuíolluisce;
- Aer;
- Torann; agus
- Pleanáil

Tá an WERLA tar éis a bheith ag obair go dlúth leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil chun an córas seo a eisiúint de réir a chéile. Agus NEMIS á úsáid, is iad na húdaráis áitiúla a chuirfidh na sonraí ar ais. Beifear in ann an tuairisceán bliantúil RMCEI a dhéanamh mar sin.



Staitisticí Tábhachtacha

569




iniúchadh
DTLL



iniúchadh
**MÁLAÍ
PLAISTEACHA**



iniúchadh ar
**ALLMHAIREOIRÍ
FEITHICLÍ**
a bhfuil **AMHRAS**
ann fúthu



iniúchadh ar
CHADHNRAÍ



iniúchadh maidir le
PLAISTEACH FEIRME



iniúchadh faoi na
RIALACHÁIN
maidir le
**PACÁISTÍOCHT -
TÁIRGEOIRÍ MÓRA
FAOI AMHRAS**



Tá

200

ceann cláraithe in
ELVES
i ndeireadh 2021

144



iniúchadh
imscrúdaitheach
maidir le
**DUMPAÍ
NEAMHÚDARAITHE
BONN ROTHÁ**
(gan aon chead i bhfeidhm)

Feabhsúchán ar Stoc-chairn ó Shruthanna Dramhaíola a bhaineann le Freagracht Bhreisithe Táirgeora atá mar chúis le Bagairt roimh an gComhshaol

Ar an drochuair, tá dúshlán diúscartha ag baint leis na hairíonna céanna a fhágann gur nithe úsáideacha iad na plaistigh a úsáidtear chun Scannán Feirme agus Boinn a dhéanamh.




Tá sé iontach dúshlánach dóiteáin i stoc-chairn de bhoinn chaite agus plaisteach ó scannán feirme a smachtú. Gineann dóiteáin mar sin deatach guaiseach atá ina bhaol sláinte don phobal, ós rud é go mbíonn daoine ag ionanálú cáithníní agus ceimiceán.

Fuarthas maoiniú in 2021 ón RCAC. Cuireadh tionscadail leasúcháin áirithe i gcrích in 2022 de réir mar atá sa Tábla thíos.

Déantar an maoiniú seo a riar trí scéim deontais an EPR um stoc-charnadh sruthanna dramhaíola a leasú. Is éard atá ann deontais chaipitiúla le haitheantas a thabhairt don ualach airgeadais a thiteann ar Údaráis Áitiúla a thugann faoi fhorfheidhmiú riachtanach agus faoi leasúchán na gcásanna mídhleathacha seo den stoc-charnadh.

Tá na hoibreacha feabhsúcháin go hiomlán (100%) á maoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC).

Sonraí maidir le tionscadail chun stoc-charnadh dramhaíola a leigheas

WERLAnna	Údarás Áitiúil	Tagairt Láithreáin	An Cineál Feabhsúcháin
 connacht-ulster waste region	Comhairle Contae na Gaillimhe	Láithreán 1	Boinn
	Comhairle Contae Dhún na nGall	Tamhnaigh an Mhullaigh	Boinn
 eastern-midlands waste region	Comhairle Contae na hIarmhí	Láithreán 1	Boinn
	Comhairle Contae na hIarmhí	Láithreán 2	Boinn
 southern waste region	Comhairle Contae an Chláir	Láithreán 1	Boinn
	Comhairle Contae Phort Láirge	Láithreán 1	Plaistigh Feirme



Rialacháin an Aontais Eorpaigh (um Mearcair)

SI 533/2018

Cuireadh deireadh de réir a chéile le húsáid an mhearcair i líonadh fiaclóireachta in Éirinn in Iúil 2018. San am céanna, b'éigean do chleachtais fiaclóireachta ábhartha deighilteoirí malgam a fheistiú ar chórais súcháin le malgam fiaclóireachta a scagadh. sa dóigh is go mbainfeadh 95% de na gráinníní ó mhalgam fiaclóireachta ar a laghad ón fuíolluisce ar fad a théann isteach sa chóras lárnach fuíolluisce ionas gur lú an damáiste a dhéanfar don chomhshaol.

Rinneadh breis agus 1000 a shonrú go náisiúnta a mbeadh sé riachtanach dóibh na deighilteoirí malgam seo a chur isteach. Ionas nár ghá iniúchtaí a dhéanamh ar an láthair le linn tréimhse ina raibh srianta leis an taisteal, rinne na WERLanna foirm féindearbhucháin a fhorbairt a bhí le comhlánú ag na cleachtais fiaclóireachta.

Chuir na húdaráis Áitiúla an fhoirm sin chuig na cleachtais fiaclóireachta chuí in 2021.

D'éirigh go han-mhaith leis sin agus tá seiceálacha sceidealaithe do 2022 le cruinneas na bhfreagraí a dhearbhu.

Ar mhaithe le leanúnachas a bhaint amach sa phróiseas iniúchta, rinneadh cúrsa a fhorbairt le bunscileanna agus eolas a thabhairt do bhaill foirne ó Údaráis Áitiúla agus do dhaoine eile a bhfuil ról acu chun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Mearcair), I.R. 533 de 2018, a fhorfheidhmiú.

Thug údaráis áitiúla faoi nach mór 200 iniúchadh in 2022 a bhain leis an Rialachán maidir le Mearcair (I.R.Uimh. 533/2018).

...i dtaca leis an bhfuíolluisce ar fad atá ag dul isteach sa phríomhchóras fuíolluisce, déantar 95% ar a laghad de na gráinníní malgam fiaclóireachta dramhaíola a bhaint agus, dá bharr sin, coinnítear an tionchar ar an gcomhshaol chomh híseal agus is féidir.



Staitisticí Tábhachtacha – ón GCC

IONCHÚSIMH



733 CEAD SAORÁIDE DRAMHAÍOLA



Áitreabh atá cláraithe chun féin-chomhlíonadh a dhéanamh maidir le pacáistíocht

COR

ATF



FORFHEIDHMIÚ

Bearta faoi alt 56 **3**

Iarratais chun na hArd-Chúirte faoi alt 57 agus alt 58 **3**

GEARÁIN maidir le DRAMHAÍL



22,556 acu atá iniúchta

459 iniúchadh maidir le bailitheoirí neamhúdraithe dramhaíola

An Tionscnamh Frithdhumpála 2022

Nuair a dhéantar bailiú, iompar, próiseáil agus diúscairt na dramhaíola a rialú agus a mhonatóiriú, baintear amach laghdú ar an tionchar ar an gcomhshaol ón nginiúint dramhaíola ar an gcomhshaol. Tá córais ardleibhéil chun dramhaíl a bhainistiú forbartha in Éirinn, an fhorbairt sin á spreagadh ag éilimh ar mhaithe le haisghabháil acmhainní, sláinte an phobail agus folláine an chomhshaoil.

Tá an dumpáil mhídhleathach fós ann, áfach. Mar sin, chuir an RCAC maoiniú ar fáil, trí na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmithe Dramhaíola (WERLanna) chun tacú le Tionscnamh in aghaidh na Dumpála.

Ó seoladh an tionscnamh seo thiar in 2017, tá os cionn 1,500 tionscadal curtha i gcrích go sásúil i ngach ceann de na 31 limistéar údaráis áitiúil agus d'fhóin sé sin chun a chinntiú go bhfuil dumpáil mhídhleathach fós ard ar an gclár oibre do phobail ar fud na tíre agus go bhfuil na tacaíochtaí agus na hidirghabhálacha cuí ar fáil chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

An Tionscnamh Frithdhumpála, 2022.

Gné lárnach de na hiarrachtaí chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí mídhleathacha dramhaíola agus láithreáin ar díol imní iad ná go bhfuil maoiniú ar fáil faoin Tionscnamh in aghaidh na Dumpála. Bhí an seachtú bliain den scéim ann in 2022.

I gCiorclán WP 03.22 an 29 Márta 2022, rinne an RCAC €3m ar an iomlán a leithdháileadh ar údaráis áitiúla faoi Thionscnamh 2022 in aghaidh na Dumpála. Mar chuid de sin bhí €100k go sonrach don oideachas agus feasacht, lena úsáid ag na hOifigí Réigiúnacha Pleanála Bainistithe Dramhaíola.

Mar a bhí an cás i mblianta roimhe, rinne na WERLanna próiseas an iarratais a bhainistiú agus leithdháileadh an mhaoinithe a chinneadh i gcás tionscadail inar cloíodh leis na critéir a bhí leagtha amach ag an RCAC.

Tá tuarascáil iomlán air seo ar fáil. Seo a leanas an líon tionscadal agus an maoiniú a thug na trí WERLA.

Réigiún	An líon Tionscadal	Méid Iomlán a Leithdháileadh
CUR	83	€945,343
EMR	56	€866,245
SR	112	€1,017,933
RWMPO	1	€33,000

Oiliúint

Oiliúint a rinneadh/a cuireadh ar fáil in 2022

1	Oiliúint ar Ladrainn
2	Oiliúint Iniúchta Foinse Oscailte le La Touche
3	Oiliúint ar an Láimhsiú.
4	Oiliúint NWCPO ar Bhailíochtú Tuairisceán Bliantúil
5	Oiliúint ar Thairseach Repak
6	Beartas agus Reachtaíocht Dramháiola, IT Shligigh
7	Cúrsaí faoi Iompar Dúshlánach agus Ionsaitheach a bhainistiú
8	Cúrsaí ar scileanna iniúchta
9	Cúrsaí ar scileanna i seomra na cúirte
10	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Mearcair) a fhorfheidhmiú

Má tá siad lena gcuid freagrachtaí cosanta comhshaoil a chomhlíonadh, tá creat rialála éifeachtach ag teastáil ó na húdaráis Áitiúla chomh maith le fórsa saothair atá oilte agus éifeachtach.

I gcás daoine atá ag obair i réimse na rialála reachtúla, ní foláir dóibh tuiscint a bheith acu ar an reachtaíocht rialála lena bhfuil siad ag plé, athruithe ábhartha dlí agus a gcuid nósanna imeachta. Chomh maith leis sin, caithfidh na scileanna agus inniúlachtaí riachtanacha a bheith acu lena ról a chomhlíonadh bunaithe ar an dea-chleachtas reatha.

Mar sin féin, tá na rialacháin á n-athrú, á leasú agus bítear ag cur leo i rith an ama. Fágann sé sin gur deacair an oiliúint a choinneáil cothrom le dáta.

Cuireadh Grúpa Oiliúna Seirbhísí Comhshaoil ar bun chun freastal ar na riachtanais atá ag forbairt in earnáil na seirbhísí comhshaoil. Cuirfear cúrsaí ar fáil sna cúig ionad réigiúnacha oiliúna leis sin a dhéanamh.

Tá na cúig ionad oiliúna suite i Srath an Urláir, Caisleán an Bharraigh, Baile Átha Cliath, Ros Cré agus Baile an Chollaigh. Tá ionadaithe ó na WERLanna ar bhord an ESTG.

Reáchtáladh cúrsaí oiliúna in 2022 de réir éilimh agus tá achoimre orthu thuas. Tá tuilleadh eolais thíos ar chuid de na cúrsaí.



1. Cúrsaí faoi Iompar Dúshlánach agus Ionsaitheach a bhainistiú – cúrsa lae

Tá an cúrsa eolais lae seo curtha in oiriúint do bhaill foirne na nÚdarás Áitiúil a dhéanann iniúchtaí bainistíochta dramhaíola agus a bhíonn ag plé leis an bpobal ar bhonn rialta agus a gcasfar iompar dúshlánach nó ionsaitheach orthu ó bhaill den phobal. Le linn an chúrsa, tugtar léargas do rannpháirtithe ar na nithe is cúis le fearg nó iompar ionsaitheach, dóigheanna lena leithéid a aithint agus cás níos measa a sheachaint, agus teicnící is féidir a úsáid le cásanna a d'fhéadfadh a bheith ionsaitheach a shuaimhniú.

Pléadh na hábhair seo a leanas ar na cúrsaí:

- Na comharthaí a léiríonn go bhfuil duine ag éirí níos feargaí a aithint.
- Na céimeanna a bhaineann le heachtra ionsaitheach – an dóigh a dtiteann eachtraí amach.
- Iompar 'gríosaitheach' a aithint agus a sheachaint.
- Cineálacha éagsúla 'cásanna coinbhleachta' a aithint agus 'seifteanna' cuí a úsáid.
- Modhanna, teicnící agus scileanna le cásanna mar sin a leigheas.
- Gnáthscileanna idirbheartaíochta a úsáid le cásanna dúshlánacha a shocrú.
- An tréimhse i ndiaidh eachtra – an freagra agus mothúcháin de ghnáth.
- Cás-staidéir shaincheaptha chun cleachtadh a dhéanamh mar iniúcháirí dramhaíola agus na teoiricí a clúdaíodh a chur i bhfeidhm.

2. Cúrsaí ar scileanna iniúchta – cúrsa dhá (2) lá.

Tá réimse leathan cumhachtaí ina seilbh ag Cigirí Comhshaoil agus iad ag feidhmiú leis an reachtaíocht a mhonatóiriú agus a fhorfheidhmiú.

Bhí an oiliúint dírithe ar bhaill foirne na n-údarás áitiúil, innealtóirí agus teicneoirí atá ag obair de réir na reachtaíochta maidir leis an mbainistíocht dramhaíola agus an comhshaoil. Rinneadh an oiliúint a fhorbairt le léargas soiléir a thabhairt do chigirí comhshaoil ar an gcreat rialála agus dlí a bhfuil siad ag obair ann. Tugadh eolas do rannpháirtithe maidir

leis na cumhachtaí atá acu. Fuair siad tuiscint ar an reachtaíocht rialaitheach, modhanna chun fianaise a bhailiú, torthaí a thaifeadadh, fianaise a chur i láthair sa chúirt agus iniúchadh a chur ar bun agus a eagrú ó thús deireadh.

3. Cúrsaí ar scileanna i seomra na cúirte.

Cúrsa oiliúna iontach praiticiúil ina mbítear ag foghlaim ó thaithí atá sa chúrsa i scileanna do sheomra na cúirte. Dearadh é le haghaidh Iniúcháirí Imshaoil a mbeadh orthu fianaise a thabhairt sa chúirt.

Cuireadh an cúrsa le chéile leis an eolas, oiliúint agus teagasc a thabhairt d'fhoghlaimoirí faoin méid atá le déanamh le hullmhúchán a dhéanamh do ról an fhinné i seomra na cúirte agus leis an ról sin a chomhlíonadh.

4. Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Mearcair) a fhorfheidhmiú.

Is é Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil a rinne an cúrsa a fhorbairt i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus leis na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAnna).

An aidhm a bhí leis an gcúrsa seo ná bunscileanna agus eolas a thabhairt do bhaill foirne ó Údaráis Áitiúla agus do dhaoine eile a bhfuil ról acu chun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Mearcair), I.R. 533 de 2018, a fhorfheidhmiú, féachaint lena chinntiú go mbítear ag cloí leis an treoir agus leis an reachtaíocht reatha, agus chun an baol go mbeidh truailliú comhshaoil ann a choinneáil ar an leibhéal is ísle agus is féidir.

COMHDHÁIL ESTG 2022

Reachtáladh comhdháil bhliantúil 2022 an ESTG (Grúpa Oiliúna Seirbhísí Comhshaoil) ar líne ar maidin Dé Céadaoin agus Déardaoin an 27 agus an 28 Aibreán 2022. Le linn na comhdhála, rinneadh plé ar chuid de na saincheisteanna reatha atá le fáil in Údaráis Áitiúla sna réimsí Dramhaíl, Cosaint Foinsí Uisce, Fuinneamh agus Gníomhú ar son na hAeráide. Cuireadh samplaí den dea-chleachtas i láthair ó obair atá ar siúl leis an earnáil a athrú ó bhonn.



رنگ

The background is a vibrant blue with a purple gradient at the top and bottom. In the center, there is a light blue circle containing the number '1'. To the right of the circle are three stylized green leaves. A white dotted line extends horizontally from the circle to the right, ending in a small white circle.

Cás-Staidéar 1.

Comhairle Contae Chorcaí agus WERLA Réigiún an Deiscirt: Sárúithe Tromchúiseacha i Saoráid ATF

1.



Grianghraf 1: Feithiclí ré caite ar an Láithreán

In 2022, d'éirigh leis an bhfoireann forfheidhmithe dramhaíola ó Chomhairle Contae Chorcaí, i gcomhar le WERLA Réigiún an Deiscirt, gníomh a dhéanamh le láithreán neamhúdaraíte cóireála feithiclí ré caite a dhruidim. Bhíodh an láithreán ag glacadh le thart ar 2,000 feithicil gach bliain.

Tugadh cead saoráide cóireála don tsaoráid seo ar dtús in 2014. Leis an gcead sin bhí cead ann 75 tona a phróiseáil sa bhliain. Is ionann é sin agus thart ar 60 carr sa bhliain.

Mar chuid de chlár rialta faireacháin na comhairle, thug CCC faoi deara gur tháinig méadú ar an líon feithiclí ré caite a bhí ag dul chuig an láithreán go 1,000 t taobh istigh de chúpla bliain, níos mó ná 10 n-uaire níos mó ná an teorainn a bhí ceadaithe. In 2019, chuir CCC tús le gníomhartha forfheidhmiúcháin i gcoinne an oibreora as na teorainneacha sa chead a shárú ó thaobh meáchain de.

Tháinig deireadh leis an gcead saoráide dramhaíola i Lúnasa 2020. Ní dhearnadh é a athnuachan toisc gur cuireadh bonneagar suntasach breise isteach gan an phleanáil chúí a bheith i bhfeidhm. Bhí an láithreán ag feidhmiú ar bhonn leanúnach gan aon chead. Léiríodh sna tuairisceáin bhliantúla go ndéantaí thart

ar 2,400 tona feithiclí a phróiseáil, leibhéal a bhí 30 uair ní b'airde ná an méid a bhí ceadaithe.

Rinneadh iniúchtaí láithreáin i Lúnasa agus Deireadh Fómhair 2021 agus eisíodh treoir faoi Alt 14 den Acht um Bainistiú Dramhaíola chun deireadh a chur leis an ngníomhaíocht. Ina dhiaidh sin, ghlac CCC an cinneadh an chuideachta agus an t-oibreoir a ionchúiseamh.

In Aibreán 2022, thug WERLA, Measúnóirí Mótair agus an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi iniúchadh ilghníomhaireachtaí. Chonacthas go raibh 35 feithicil ré caite agus 20-30 ceann brúite eile ar an láithreán. Lean WERLA Réigiún an Deiscirt ar aghaidh leis an bplé le CCC i dtaca leis an láithreán.



Grianghraf 2: Carnadh dramhaíola ar an láithreán

Thángthas ar chomhaontú i gcomhar le WERLA Réigiún an Deiscirt gur chóir fógra a eisiúint faoi Alt 55 den Acht um Bainistiú Comhshaoil chun treoir a thabhairt do na hoibreoirí deireadh a chur le gníomhaíochtaí agus an t-áitreabh a ghlanadh. Ina dhiaidh sin, glanadh gach na feithiclí ré caite, an dramh-mhíotal agus na boinn rotha ar fad ón láithreán agus ceapadh sainchomhairleoir comhshaoil.

Éisteadh an cás sa chúirt agus thaifead na cosantóirí pléadail chiontach. Sa deireadh, glacadh leis go rabhthas tar éis cloí leis an

bhfógra faoi Alt 55. Bhain an Chúirt feidhm as an Acht um Promhadh agus dámhadh costais ar CCC.

Rinneadh gníomh comhoibríoch sásúil idir foireann forfheidhmiúcháin dramháiola CCC agus WERLA Réigiún an Deiscirt agus, mar gheall air sin, cuireadh deireadh leis an ngníomhaíocht san áitreabh agus glanadh an láithreán ar deireadh.

Déanann Comhairle Contae Chorcaí faireachán ar an láithreán fós lena chinntiú nach gcuirfear tús le gníomhaíocht arís.

Rinneadh gníomh comhoibríoch sásúil idir foireann forfheidhmiúcháin dramháiola CCC agus WERLA Réigiún an Deiscirt agus, mar gheall air sin, cuireadh deireadh leis an ngníomhaíocht san áitreabh agus glanadh an láithreán ar deireadh.



Grianghraf 3: An láithreán athchóirithe agus glanta

Cás-Staidéar 2.



Oibríocht Kanban, Gadaíocht Cáblaí: Iniúchtaí ar Láithreáin

2.

17 Feabhra 2022.

Bhí na hiniúchtaí seo ar láithreáin mar chuid den fhiosrúchán mar gheall ar iarratas ón nGarda Síochána cuidiú leis an bhfórsa le fáil amach cá háit i gCo. Mhuineacháin a mbeifí ag iarraidh cáblaí goidte a dhíol.

Ar iarratas ón nGarda Síochána, rinne oifig CUR WERLA oibríocht ilghníomhaireachtaí a chomhordú. Páirteach san oibríocht bhí Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Contae an Chabháin, NTFSO, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus WERLA CUR a chuaigh ag an am céanna le hiniúchadh a dhéanamh ar chlóis dramh-mhiotail i gContae an Chabháin, Contae Mhuineacháin agus Contae Ard Mhacha.

Bhí cruinniú tosaigh agus tugadh treoir i stáisiún AGS i mBaile na Lorgan, Contae Mhuineacháin. Ina dhiaidh sin, lean pearsanra ó WERLA ar Chomhairle Contae Mhuineacháin, NTFSO agus AGS chuig dá áit. Saoráidí údaraithe dramháola i gContae Mhuineacháin iad an dá áit sin.

Bhain pearsanra ó WERLA an chéad láithreán údaraithe amach ar 10.00rn, mar ar casadh orainn an t-úinéir.

D'iarr pearsanra forfheidhmiúcháin dramháola ó Chomhairle Contae Mhuineacháin cead breathnú ar Chlár Ginearálta Poiblí an áitribh. Ar an drochuair, bhí an té a dhéanann bainistíocht ar an gClár breoite tinn. Ar an ábhar sin, ní raibh



Grianghraf 1, Láithreán 1, Co. Mhuineacháin.

an t-oibreoir in ann an doiciméad a chur ar fáil. Thoiligh an duine sin an doiciméad a chur ar fáil do Chomhairle Contae Mhuineacháin a luaithe agus a bheadh fóirsteanach don dá dhream.

Bhreathnaíomar ar an gclós agus ar an dramháil ar an láthair. Féach grianghraif uimhir 1, 2 agus 3 atá ceangailte.

Bhí an láithreán plúchta agus bhí an talamh lábach in áiteanna. Bhí dhá charnán mhóra de cháblaí dramháola ann. Seolta sreang ó fheithiclí ré caite a bhí iontu sin, áfach, seachas an cineál a bhí á lorg ag AGS.

D'fhágamar an chéad láithreán ar 10.30rn. Bhaineamar an dara láithreán údaraithe amach ar 11.00rn agus casadh orainn an t-úinéir.

D'iarramar cead féachaint ar an gClár Saoráide Dramháola, a tugadh. Thuairiscigh Comhairle Contae Mhuineacháin go raibh sé sin in ord.

Bhreathnaíomar ar an gclós, a bhí glan, in ord maith agus nach raibh plúchta. Féach grianghraif 4 agus 5.

Ní fhacthas aon cháblaí ar an láithreán.

D'fhágamar an láithreán ar 11.30rn.



Grianghraf 2. Láithreán 1 – seolta sreang dramháola.



Grianghraf 3. Láithreán 1 – seolta sreang dramháola.



Grianghraf 4, Láithreán 2. Foirgneamh díthruaillíocháin feithiclí ré caite.



Grianghraf 5, Láithreán, clós stórála feithiclí ré caite.

Cás-Staidéar **3.**



3.

Diúscairt dramhaíola tógála agus scartála neamhúdaraíthe

Cuireadh trí chás ionchúisimh i láthair go sásúil in 2022. Bhí údaráis áitiúla éagsúla agus údaráis náisiúnta bainteach leis an gcás a tháinig as iniúchtaí a rinneadh i dtaca le sealbhóir ceada bailithe dramhaíola. Léiriú atá i dtoradh na cásanna seo ar an tairbhe atá le baint as an obair i gcomhar a chéile idir údaráis le dul i ngleic le hoibríochtaí mídhleathacha dramhaíola.

Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Contae na Mí

Bhí dianghlasáil leibhéal 5 i bhfeidhm in Éirinn de dheasca Covid-19 an 11 Eanáir 2021. Ní raibh ceadaíthe le linn na tréimhse seo den dianghlasáil ach tionscadail riachtanacha tógála. D'fhág sé sin gurbh iomaí saoráid dramhaíola a bhí údaraithe d'ithir agus cloch (17 05 04) as feidhm. Bhreathnaigh Comhairle Contae na Mí dhá fheithicil earraí troma agus dramhaíl á hiompar iontu agus tuairim ann gur ithir agus cloch a bhí sa dramhaíl sin. Cúis imní a bhí sa mhéid sin agus measadh gurbh éigean tuilleadh a dhéanamh faoi.

Lean Comhairle Contae na Mí an dhá fheithicil amhrasta go háit taobh amuigh d'Achadh an Lúir, Contae an Chabháin. Cuireadh Comhairle Contae an Chabháin ar an eolas faoin iompar amhrasta dramhaíola agus faoin seans go raibh diúscairt neamhúdaraíthe ar bun. Rinneadh teagmháil leis an nGarda Síochána agus iarradh cuidiú ar an bhfórsa. Nuair a bhíothas ag fanacht le CC an Chabháin, chuir ionadaithe CC na Mí ladrann san aer thar an láithreán leis an áit go díreach a aimsiú, na gníomhaíochtaí ag an am a fháil amach agus le fianaise a bhailiú dá mbeadh a leithéid ann. Fuarthas íomhánna ón aer agus léargas ar scála na gníomhaíochtaí sna híomhánna sin.

Tar éis dul isteach sa láithreán, breathnaíodh cúig (5) fheithicil a luadh leis an sealbhóir ceada bailithe dramhaíola céanna. Bhí trí (3) cinn acu folamh agus bhí dramhaíl ar dhá (2) cheann acu. Bhí idir thart ar 9 n-ualach agus 12 ualach de dhramhaíl tógála agus scartála úr, ithir agus cloch ba mhó, le feiceáil ar na

tailte. Cuireadh gach duine den chúigear (5) tiománaithe faoi agallamh, rinneadh duillíní a scrúdú agus glacadh grianghraf



díobh.

Eisíodh teoracha faoi alt 14 don úinéir talún agus do shealbhóir an cheada bailithe dramhaíola. Thug CC an Chabháin cuairt cúpla uair ar an láithreán agus bhí cruinnithe ann le sainchomhairleoir comhshaoil. Tar a éis sin, eisíodh fógra faoi alt 55 don úinéir talún.

Tugadh faoi iniúchtaí breise ar an láithreán agus cuireadh an t-úinéir talún faoi agallamh cúpla uair. Ina dhiaidh sin, thóg oifigigh forfheidhmiúcháin ráitis ó fhinnéithe agus, mar thoradh ar an méid sin go léir, rinneadh comhad a ullmhú agus toghairm a eisiúint chuig sealbhóir an cheada bailithe dramhaíola.

Chuir Comhairle Contae an Chabháin fianaise i láthair an 18 Deireadh Fómhair 2022 agus an 24 Samhain 2022 i gcoinne an tsealbhóra ceada bailithe dramhaíola as cionta faoi alt 32(1)(a)(b), alt 32(2), alt 34(1)(c) agus alt 39 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Bhí éisteacht dhá lá ann ina ndearnadh oifigigh forfheidhmiúcháin dramhaíola a chroscheistiú go tréan agus inar lorgaíodh soiléiriú i dtaca le dramhaíl i gcomparáid le barrithir agus clárúchán an ladrainn. Ina dhiaidh sin uile, rinne an breitheamh fineálacha €4,500 a fhorchur agus bhronn costais agus speansais €14,000.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann

Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC) faisnéis faoi dhiúscairt neamhúdaraíthe dramhaíola tógála agus scartála. Bhí an ghníomhaíocht mhídhleathach amhrasta ar bun le

dramhaíl a bhí ag teacht as réigiún Bhaile Átha Cliath agus a bhí á cur chuig láithreáin éagsúla a bhí cóngarach do mhótarbhealach an M1 agus don teorainn le Tuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, chuir CCBÁC i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann tionscadal faireacháin ar bun ar mhótarbhealach an M1 in Iúil 2019.



Mar chuid den tionscadal monatóireachta seo, aithníodh sealbhóir ceada bailithe dramhaíola mar an té a rinne dramhaíl ithreach agus cloiche a dhiúscairt go neamhúdaraíthe (17 05 04) in dhá áit faoi leith in Iúil 2019. Bhíothas dírithe ar iniúchtaí ó thús deireadh san iniúchadh. Bhí na láithreáin neamhúdaraíthe i gContae Mhuineacháin agus i gContae Ard Mhacha, Tuaisceart Éireann, agus aithníodh gur i mBaile Átha Cliath a bhí an láithreán tionscnaimh.

Bhí CC Mhuineacháin, Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus an PSNI go léir páirteach i dtaca leis na láithreáin neamhúdaraíthe diúscartha.

Cuireadh tús le hiniúchadh ansin ar ithir agus cloch fuill a baineadh ón láithreán i mBaile Átha Cliath. Thug oifigigh ó CCBÁC faoi iniúchadh iomlán ar dhramhaíl tógála agus scartála. Thóg siad an cháipéisíocht ar fad a bhain le cúrsaí dramhaíola mar fhianaise, an clár dramhaíola agus na duillíní bailithe dramhaíola ina measc. Glacadh ráitis ó fhorbróirí an tionscadail agus ón bpríomhchonraitheoir, a bhí tar éis na hoibreacha le dramhaíl a bhaint

a chur amach ar fochonradh. Chuir oifigeach forfheidhmiúcháin dramhaíola ón Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann agus CCBÁC agallamh faoi rabhadh ar an sealbhóir ceada bailithe dramhaíola ansin. Rinne CCBÁC agus NTFSO comhaid a ullmhú i dtaca leis na láithreáin neamhúdaraíthe faoi seach. Bhíothas ag brath ar ráitis finnétithe ó CC Mhuineacháin agus ó Ghníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann lena chruthú nach raibh aon údaraíthe dramhaíola i bhfeidhm.

Thug CCBÁC fianaise i gCúirt Dúiche Charraig Mhachaire Rois an 19 Meán Fómhair 2022. Mar thoradh air sin, ionchúisíodh sealbhóir an cheada bailithe dramhaíola agus gearradh fineáil €4,000 air as cionta faoi alt 34(1)(c) agus alt 34(6) (a) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú. Bronnadh costais €12,455.33 ar CCBÁC freisin.


Bhí an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann (NTFSO) ar na príomh-imscrúdaitheoirí i gcoinne na diúscartha neamhúdaraíthe ar an láithreán i gContae Ard Mhacha. Thug an Oifig sin fianaise an 7 Deireadh Fómhair 2022. Dá thoradh sin, ciontaíodh sealbhóir an cheada dramhaíola, gearradh fineáil €2,000 air, agus dámhadh costais €11,897.32 ar CCBÁC.



Aguisíní

.....○

Foilseacháin in 2022

	
Foirmeacha Iniúchta	02
Litreacha caighdeánacha	07
Fógraí caighdeánacha agus Orduithe	01
Aighneachtaí	03
Léaráidí don Sreabhadh Oibre	02
Nós Imeachta Oibríochta Caighdeánach	01
Tuarascálacha	07

Gluais


AR	Tuairisceáin Bhliantúla	IWMA	Cumann na hÉireann um Bainistíocht Dramhaíola
AER	Tuairisceáin Bhliantúla maidir leis an gComhshaoil	LA	Údarás Áitiúil
ADI	An Tionscnamh Frithdhumpála	LoW	An Cód ó Liosta na Dramhaíola
AGS	An Garda Síochána	MMW	Dramhaíl Chathrach Mheasctha
ASDP	Plean Bliantúil maidir le Soláthar Seirbhísí	LGMA	Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
ATF	Saoráid Chóireála Údaraithe	NBCI	An Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil
CCMA	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach	NEMIS	Córas Faisnéise Bainistíochta Comhshaoil Náisiúnta
COR	Teastas Clárúcháin	NIECE	Líonra don Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil in Éirinn
CoD	Deimhniú um Scríosadh	NIEA	Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann
C&D	Tógáil agus Scartáil	NTFSO	An Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann
CATCEN	An Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Bainistíocht Dramhaíola, Iompar agus Gréasáin	NWCPO	An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola
DECC	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	NWEP	Na Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola
DPIA	Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí	NWESC	An Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola
DTTAS	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	PSNI	Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann
ELV	Feithicil Ré Caite	PRI	Tionscnamh Freagrachta Táirgeora
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch	PTU	Íoctar lena nÚsáid
EPA	An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	RMCEI	Íoschritéir Mholta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil
ERP	Ardán Athchúrsála na hEorpa	WEO/SWEO	Oifigigh Forfheidhmithe Dramhaíola/Oifigigh Shinsearachta Forfheidhmithe Dramhaíola
EU	An tAontas Eorpach	CLS	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse
EnviCrime Net	An Líonra Póilíní dírithe ar an gcoireacht comhshaoil a throid	TFS	Loingsiú Trasteorann

ENPE	Líonra Eorpach na nIonchúisitheoirí don Chomhshaol	WFP	Cead Saoráidí Dramhaíola
ESTG	Grúpa Oiliúna Seirbhísí Comhshaoil	WCP	Cead Bailithe Dramhaíola
EUFJE	Fóram Breithiúna an Aontais Eorpaigh don Chomhshaol	WMA	An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996
FPN	Fógra maidir le hÍocaíocht Shocraithe	WERLA	An Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola
GDPR	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí	WEEE	Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach
ICG	Grúpa Teagmhála an Tionscail	WERLA CUR/EMR/SR	An Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola Réigiún Chonnacht Uladh/Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre/Réigiún an Deiscirt
IE	Ceadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha	WMPLA	Príomhúdarás don Phleanáil Bainistíochta Dramhaíola
IPC	Ceadúnas um Rialú ar Thruailliú Tionsclaíoch	WWEPP	Uisce, Dramhaíl, Comhshaol agus Pleanáil Éigeandála (Coiste)



Leabharliosta

- Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, Parlaimint na hEorpa, 2008
- Ciorclán WP 06.21 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Rialtas na hÉireann, 2021
- An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, Rialtas na hÉireann; 1996.
- I.R. Uimh. 126/2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (an Treoir maidir le Dramhaíl), 2011
- Rialachán (CE) uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsiú ar dhramhaíl, Parlaimint na hEorpa, 2006
I.R. Uimh. 419/2007 – Rialacháin maidir le Bainistiú Dramhaíola (Loingsithe Dramhaíola), 2007, Rialtas na hÉireann, 2007
- I.R. Uimh. 113/2008 – Rialacháin maidir le Bainistiú Dramhaíola (Clárú Bróicéirí agus Déileálaithe), 2008, Rialtas na hÉireann, 2008
- Ciorclán WP 07.22 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Rialtas na hÉireann, 2022
- Ciorclán WP 05–21 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Rialtas na hÉireann, 2021
- An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, Rialtas na hÉireann, 2022
- I.R. Uimh. 508/2009 – Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhbhia), 2009
Ciorclán 03.22 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Rialtas na hÉireann, 2022
- I.R. Uimh. 659 de 2022, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pacáistíocht) (leasú), 2022, Rialtas na hÉireann, 2022





Reduce



connacht-ulster
waste region



eastern-midlands
waste region



southern
waste region

WERLA